# Clár

Brollach - Comhairleoir Máire Ní Giolla Bride-Harcán, Méara . . . . . . . . . . 2
Réamhrá - An tUasal Michéal Ó Cillín, Bainisteoir Contae . . . . . . . . . . 3
Comhaltaí de Chomhairle Chontae Longfoirt . . . . . . . . . . 4
Comhaltas na gCoistí Beartas Straitéiseach . . . . . . . . . . 5
Tuarascáil ar oibríocht na gCoistí Beartas Straitéiseacha le linn na bliana 2004 . . . . . . . . . . 6
Príomhfheidhmeanna . . . . . . . . . . 8
Iompras, Beartais um Fhorbairt agus Cothabháil Bóithre agus Beartais Shábháilteacht ar Bhóithare . . . . . . . . . . 9
Seirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil . . . . . . . . . . 11
Beartais Tithíochta agus Sóisialta, Beartais Pleanála agus Beartais Rialú Tógála . . . . . . . . . . 22
Airgeadas . . . . . . . . . . 25
Beartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe, Beartais Chúltúrtha agus Áineasa . . . . . . . . . . 35
Tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidaigh . . . . . . . . . . 57
Táscairí Seirbhíse . . . . . . . . . . 61



Dearadh - Áine Ní Léin, Córais Eolais, Comhairle Chontae Longfoirt
Grianghrafanna - Comhairle Chontae Longfoirt
Cló - Grúpa Cló Turner Teo
Aistriúchán - Ollscoil Bhaile Átha Cliath
Clóbhuailte ar Challenger Offset atá saor ó Chlóirín agus Oiriúnach don chomhshaol

# Brollach - Comhairleoir Máire Ní Giolla Bride-Harcán Méara



Fáiltím roimh an deis mar Mhéara Comhairle Contae Longfoirt, Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2004 a chur i láthair.  I rith 2004 lean Comhairle Contae Longfoirt ar aghaidh, faoi mar a rinne sí sna blianta roimhe seo, de bheith lárnach i bhforbairt chursaí shóisialta, i bhforbairt chúrsaí eacnamaíochta agus i  bhforbairt  chúrsaí chultúir an chontae tríd a foireann agus a comhaltaí tofa.

Is léiriú í Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2004 ar an gclár oibre atá feabhsaithe thar raon iomlán na séirbhíse agus atá ag leanúint ar aghaidh go fóill.

Toghadh Comhairle nua i Mí an Mheithimh 2004, le sainordú úr chun fónamh a thabhairt do mhuintir Longfoirt.Ghlac an Chomhairle le Plean Corparáideach i Mí na Samhna a threoróidh gníomhaíochtaí don tréimhse 2005-2009.  Stiúirfidh Comhairle Contae Longfoirt forbairt inbhuanaithe agus chur chun cinn Chontae Longfoirt agus feabhasóidh an Chomhairle an caighdeán maireachtála trí sheachadadh éifeachtach seirbhísí áitiúla atá iniatach, a dhíreoidh ar na custaiméirí le linn na tréimhse seo.

Rinneadh dul chun cinn áirithe maidir le dearadh Tionscadal Infreastrúchtúr Bóithre Náisiúnta i rith na bliana seo caite i gcomhar le cabhair ó Oifig Dheartha Réigiúnach an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, lena n-áirítear Seachród Longfoirt N5, a shroich an Chéim Dheireanach Roghnúcháin Bealaigh agus shroich Bóthar Inmheánach Foaoisimh Mheathas Troim N4 Céim Éadála Talún.

Chonacthas don Chlár Infheistíochta um Sheirbhisí Uisce 2004 - 2006 dul chun cinn iliomad scéim go háirithe críochnú amach ardchonradh le haghaidh Roinn Soláthar Uisce Longfoirt Láir agus Réigiúnaigh-Taiscumar agus píblínte ar chostas measta €7.15 milliún.



Rinneadh go leor dul chun cinn i réimsí eile lena n-áirítear soláthar méadaithe ar áiseanna athchúrsála, Stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Uí Mhatháin, líon tosaithe nua níos mó ná riamh sa Chlár Tógála Tithíochta agus meadú suntasach ar líon na n-iarratas pleanála faighte, toisc an  Scéim Athnuachana Tuaithe (dreasachta cánach) go príomha. Bhí an Clár Seirbhísí Cultúir suntasach agus fiontraíoch thar tréimhse na bliana seo caite agus leanann sé air ag soláthar fócais láidir d'fhorbairt cultúir sa chontae.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí na Comhairle, na gCoistí Beartas Straitéiseach, an Grúpa um Beartas Corporáideach agus Leasmhéara Martin Farrell, as an obair chrua a rinne siad agus as an gcomhoibriú a thug siad dom i rith na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil fresin le Bainisteoir na Comhairle agus le foireann iomlán na Comhairle as a rannpháirtíocht a chinntigh gur bhliain rathúil a bhí ann do Chomhairle Chontae Longfoirt in 2004.



Máire Ní Giolla Bride-Harcán
Méara

# Réamhrá - An tUasal - Michéal Ó Cillín, Bainisteoir Contae



Is pléisiúr dom é a bheith bainteach le cur i láthair na Tuarascála Bliantúla do Chomhairle Chontae Longfoirt don bhlian 2004.

B'iomaí imeacht a raibh tábhacht faoi leith aige don Chontae agus don Chomhairle i rith na bliana 2004.

I measc na saincheisteanna a tháinig aníos, is fiú béim a leagan orthu seo a leanas:-

- Ghlac an Chomhairle le Scéim Rannaíocaíochtaí Forbartha, sa chaoi sin greamaíodh. ranníocaíochtaí le ceadanna pleanála ar bhonn trédhearcach.
- Chuir an Chomhairle leis an ndíospóireacht agus d'aontaigh an Chomhairle leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha chun críocha an Straitéis Náisiúnta Spásúil mar a rinne contaetha eile sa Lár-Réigiún.
- Rinne an Chomhairle a macnamh ar chliseadh an Cardinal Health Care Project teacht go Longfort
- Rinneadh dul chun cinn ar Thionscadal Saotharlanna Abbott.
- Dílárnú Cheannáras Riaracháin an Sheirbhís Priosúin na hÉireann go Longfort.
- Rinneadh forbairt ar an tionscadal Panelto -Tionscadal Bia Tomhaltóirí.
- Rinne an Chomhairle forbairt ar pháirc thionsclaíochta nua ar Bhóthar Bhéal Átha na Lao
- Sholáthar an Chomhairle suímh thionsclaíocha i mBéal Átha Liag, i mBaile Uí Mhatháin agus i nGránard.
- D'fháiltigh an Chomhairle roimh fhorbairt ar Mhainéar na Carraige Glaise agus tugadh tacaíocht don fhorbairt seo freisin.
- I rith na bliana, glacadh le Plean Ealaíon na Comhairle

Anuas ar na nithe thuas luaite, tharla go raibh méadú suntasach ar ghníomhaíochtaí traidisiúnta infreastruchtúrtha na Comhairle.  I bhfianaise an méid luaite cheana, is mian liom a chur in iúl go bhfuil staid airgeadais na Comhairle níos láidre ná riamh.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun mo bhuíochas a chur in iúl don lucht bainistíochta sínsearacha agus mo bhuíochas a chur in iúl d'fhoireann na Comhairle Contae as a rinne siad a chuir rath ar ghníomhaíochtaí na Comhairle i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chomh maith chun mo bhuíochas a chur in iúl don Mhéara agus do Chomhaltaí na Comhairle as an gcomhoibriú a fuarthas uathu i rith na bliana.



Michéal Ó Cillín
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Longfoirt

# Baill Chomhairle Contae Longfoirt (Tofa 11 Meitheamh, 2004)

## Toghcheantar - Baile Uí Mhatháin


Labrauis Banáin


Padraig dé Beltún


Michéal O Cathaill


Aidrian Ó Feargháill


Sean Ó Fearghaile


Barney Steele

## Toghcheantar - Droim lis


Gearoid Ó Bradaigh


Aodh Mac an Tsaoir


Mártin Maoileadaigh



## Toghcheantar - Gránard


Seamus McCumaill


Maírtín Ó Fearghāill


Proinsias MacGiollbhraidé


Máire Ní Giolla Bride-Harcán


Padraig Ó Raghailligh

## Toghcheantair - Longfort


Seamus de Buitlier


Donncha Mac Gleannáin


Michéal MacTiernain


Alan Ó Misteal


Peadar Ó Murchu


Michéal Mac Cnáimhí


Mairead Uí Nualláin

Comhaltaí atá le scoir i ndiaidh na Toghcháin Áitiúla a bhí ann 11Meitheamh, 2004:
Baile Uí Mhatháin - Séamus Banáin, Seán O Nualláin
Droim Lis - Séan O Loingsigh
Gránard - Brian O Loingsigh
Longford - Máire O Sheasnáin

# Comhaltas na gCoistí Beartas Straitéiseach (Tar éis na dToghchán Áitiúla 2004)

| Beartas Tithíochta agus Tógála agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comhairleoir Alan Ó Misteal |
| Comhaltaí Comhairle Contae Longfoirt | An Comhairleoir Máire Ní Giolla Bride-Harcán<br>An Comhairleoir Michéal MacTiernain<br>An Comhairleoir Mártin Maoileadaigh<br>An Comhairleoir Peadar Ó Murchu<br>An Comhairleoir Padraig Ó Raghailligh |
| Comhairle Baile Longfoirt | An Comhairleoir James Keogh |
| Ionadaithe Éarnálacha:<br><br>1 Forbairt/Tógáil<br>3 Pobal agus Deonach | Kevin Hughes, Construction Industry Federation(CIF)<br>Helana Doyle Líonra Co. Longfoirt do dhaoine faoi Míchumas<br>Mary Kennedy, Scitsifréine na hÉireann (Cumann Longfoirt)<br>Julia Mongan, Gluaiseacht an Lucht Siúil i Longfoirt |

| Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabháil Bóithre agus Beartais Shábháilteacht ar Bhóithre | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comhairleoir Aidrian Ó Fearghháill |
| Comhaltaí Chomhairle Chontae Longfoirt | An Comhairleoir Labrauis Banáin<br>An Comhairleoir Padraig dé Beltún<br>An Comhairleoir Seamus McCumaill<br>An Comhairleoir Aodh Mac an Tsaoir |
| Comhairle Baile Ghránard | An Comhairleoir Edward Kelly |
| Ionadaithe Éarnála:<br><br>1 Talmhaíocht/Feirmeoireacht<br>1 Ceardchumann<br>1 Pobal agusDeonach | Seamus Treacy, Cumann Éagraíocht Comhoibriú na hÉireann<br>Bernard Nolan, Comhar Ceardchumann na hÉireann<br>Oliver Cassidy, Grúpa Gníomhaíochta Ceantair Ghránard |

| Beartais Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comhairleoir Maírtín Ó Fearghháill |
| Comhaltaí Chomhairle Contae Longfoirt | An Comhairleoir Gearoid Ó Bradaigh<br>An Comhairleoir Seamus de Buitlier<br>An Comhairleoir Michéal O Cathaill<br>An Comhairleoir Mairead Uí Nualláin |
| Comhairle Baile Ghránard | An Comhairleoir Carmel Fay |
| Ionadaithe Éarnála:<br><br>1 Talmhaíocht/Feirmeoireacht:<br>2 Pobal agus Deonach: | Albert Cooney, Cumann Feirmeoirí na hÉireann<br>Parvez Butt, Forbairt Lios Breac<br>Gen Doherty, Cumann na mBan Tuaithe Éireann(ICA) |

# Comhaltas na gCoistí Beartas Straitéiseach

| Beartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, Forbairt Uirbeach agus Tuaithe, Chúltúrtha agus Áineasa | |
|---|---|
| Cathaoirleach | An Comhairleoir Barney Steele |
| Comhaltaí Chomhairle Contae Longfoirt | An Comhairleoir Sean Ó Fearghaile<br>An Comhairleoir Donncha Mac Gleannáin<br>An Comhairleoir Proinsias MacGiollbhraidé<br>An Comhairleoir Michéal Mac Cnáimhí |
| Comhairle Baile Longfoirt | An Comhairleoir Paul Connell |
| Ionadaithe Teascógacha:<br><br>1 Gnó/Tráchtáil<br>2 Pobal agus Deonach | Noel McKiernan, Cumann Tráchtála Longfoirt<br>Philip Dawson, LD Dance Trust Ltd.<br>Terry McKenna, Fiontraíocht Phobal Bhaile Átha na Muc Teo. |

# Tuairisc ar Fheidhmiú na gCoistí Beartas Straistéiseach i rith na bliana 2004



## Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt agus Cothabhail Bóithre agus Shábháilteacht ar Bhóithre

Tháinig an Coiste Beartas Straitéiseach le chéile ar uair amháin i rith na bliana 2004 agus é mar phríomhsprioc aige a chinntiú go gcabhródh an infheistíocht agus na beartais iompair infreastruchtúrtha le forbairt shóisialta agus eacnamaíochta Chontae Longfoirt agus go gcaomhnófar agus go bhfeabhsófar áilleacht shainiúil an chontae agus a thimpeallacht.

Tionóladh an cruinniú 25 Feabhra, 2004 agus ba í an phríomhcheist a bhí á phlé ná:

- Rialacháin Pháirceála i Meathas Triom

## Seirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil

Tháinig an Coiste um Sheirbhísí Uisce agus um Beartais Chomhshaoil le chéile faoi dhó i rith na bliana 2004 roimh thoghadh na Comhairle nua i Mí an Mheithimh 2004.

Rinne an S.P.C. measúnú ar  na hábhair agus na moltaí seo a leanas:

*26 Eanáir 2004*

- Tionscadal Abhantraí Limistéir Abhann na Sionainne.
- Dréacht- Clár Gníomhaíochta faoi Threoir  Níotráite Uimh.91/676/an Chomhphobail Eorpaigh gComhairle.
- Tuairisc ar Dhearadh, Tógail agus Feidhmiú Saoráidí agus Seirbhísí Uisce.
- Tuairisc ar dhul chun cinn - Plean Bainistíochta Dramhaíola don Lár - Réigiún Eanáir 2004.
- Cur i láthair ar Fhorfheidhmiú Dramhaíola.

*29 Márta 2004*

- Dréacht Tuairisc um Fhóntas Pobail "Nochtadh Leasa".
- Tuairisc ar dhul chun cinn an Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Lár - Réigiúin (Márta 2004).
- Glanadh an Earraigh Náisiúnta, molta do 2004.
- Tógra do chur i láthair Bainistíocht Dramhaíola maidir le Fódhlithe.
- Tuairisc an E.P.A. ar Chaighdeán Uisce-Óil 2000- 2002.
- Tuairisc an E.P.A. ar  Rialacháin Fhosfair (Caighdeán an uisce sna Lochanna agus sna hAibhneacha) 2003.
- Tuairiscí an E.P.A. Fuíolluisce Uirbeach 2000 agus 2001.

## Beartas Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála

I rith na bliana 2004 tháinig an Coiste le céile cúig h-uaire roimh aimsir na dtoghchán áitiúil i Mí an Mheithimh 2004. Is é seo leanas liosta de dhátaí na gcruinnithe: -

- 26 Eanáir 2004
- 02 Márta 2004
- 29 Márta 2004
- 10 Bealtaine 2004
- 24 Bealtaine 2004

Seo a leanas liosta de na saincheisteanna a bhí i dtreis ag an gcoiste sa bhlian 2004:

- Dréacht Scéim Rannaíocaíochtaí Forbartha
- Lámhleabhar Tionóntaí
- Bainisteoireacht Eastáit
- Scéim Fhordheontas Cíosa
- Dréacht Threoirlínte ar Thithíocht Inbhuanaithe Tuaithe
- Faichí Imeartha

Ina theannta sin, thug an coiste san áireamh Dréacht- Plean Gníomhaíochta do Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne 2004 - 2008 agus mhol an coiste an Plean do Chomhairle Chontae Longfoirt. Ghlac Comhairle Contae Longfoirt leis an bplean ina dhiaidh sin agus cuireadh isteach chuig an Roinn Comhshaoil,Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ghlac an roinn leis ag druidim le deireadh na bliana 2004.

## Beartais um Fhorbairt Eacnamaíochta, Beartais um Fhorbairt Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúrtha agus Áineasa

Tháinig an Coiste Beartais Straiséiseach le chéile dhá uair in 2004 roimh na toghcháin áitiúla a bhí ann i mí an Mheithimh 2004.

Mheas an Coiste na réimsí beartais seo a leanas:

24 Feabhra 2004

- Moladh go mbunófaí post ar conradh d'fheidhmeannach Oidhreachta do Chomhairle Contae Longfoirt.
- Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála
- Moltaí d'fho-Rochtain Tríú Léibhéil
- Seirbhís Iarsmalainne Contae Longfoirt

14 Bealtaine May 2004

- Linn Snámha Longfoirt- Comhaontú chun dul ar aghaidh agus cáipéisí conartha a ullmhú
- Dréacht Straitéis Miondíola
- Plean Limistéar Áitiúil Bhéal Átha Liag
- Forbairt na Carraige Glaise
- Dréacht-Phlean Ealaíon

# Príomhfheidhmeanna

Tá na príomhsheirbhísí á gcur ar fáil anois laistigh de struchtúr na Stiúrthóireachta mar chuid de phróiseas leasaithe Rialtais Áitiúil Feabhsaithe.  Cuimsíonn na cúig Stiúrthoireacht na réimsí seo a leanas:

- Beartais Iompair, Fhorbairt agus Chothabháil Bóithre agus Beartais Shábhailteacht ar Bhóithre
- Beartais Um Sheirbhísí Uisce agus Chomhshaoil
- Beartais Tithíochta agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála
- Airgeadas
- Beartais um Fhorbairt Eacnamaíchta agus Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe agus Beartais Chultúrtha agus Áineasa






*Contae Longfoirt*



# Beartais Iompair, Beartais um Fhorbairt Bhóthair agus Chothabháil agus Sábháilteacht ar Bhóithre



Seàn Mac Giolla Chailìn
Stiúrthóir Seirbhísís

Comhairleoir Aidrian Ó Fearghàill
Cathaoirleach an Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Iompar, Forbairt agus Coinneáil Bhóithre agus Polasaithe um Shlándáil Bóithre

Is príomhchuspóir é ag Comhairle Contae Longfoirt go gcuideóidh na beartais iompair infreastruchtúrtha agus infheistíochtaí le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an Chontae agus a áilleacht fhisiceach agus an timpeallacht a chaomhnú agus a fheabhsú.

Tá Longfort suite go straitéiseach i ngiorracht do lár na tíre trasnaithe ag na Bealaí Náisiúnta Príomhúla N4 agus N5 agus Bealaí Náisiúnta Tánaisteacha N55 agus N63. Cothaíonn na bealaí seo sreabha tráchta suntasacha ar fud an chontae.

Tá sé riachtanach d'fhorbairt chuí Contae Longfoirt go bhfónann an gréasán bóthair ar an toirt tráchta reatha agus ar an toirt tráchta a meastar a bheidh ann, chomh maith leis na ceanglais sábháilteachta. Éilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch atá ag dul sa treis gréasán bóthair ar ardchaighdeán. Más mian le Longfort leas éifeachtach bhaint as an bhfás ar thionsclaíocht, an fás ar thalmhaíocht, an fás ar thurasóireacht agus tarraingtí a chuid lochanna, aibhneacha agus a háilleacht sárscéimhe, aitnítear gur gá don ghréasán bóthair agus na bóithre réigiúnacha agus tuaithe a bheith ar chaighdeán cuí, mealltach agus sábháilte don chuairteoir agus do mhuintir na háite araon.



Seachas líon áirithe bóithre atá faoi údarás Comhairle Baile Longfoirt, is í Comhairle Contae Longfoirt atá freagrach as soláthar, feabhsú agus cothabháil an ghréasáin bóthar phoiblí laistigh den Chontae. Seo a leanas miondealú na mbóithre atá faoi údarás na Comhairle Chontae:

| Aicmiú | Náisiúnta Príomhúil | Náisiúnta Tánaisteach | Réigiúnach | Áitiúl | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| LimistéarThuaidh (km) | - | 13 | 53 | 654 | 720 |
| Meán-Limistéar (km) | 33 | 18 | 20 | 224 | 295 |
| Limistéar Theas (km) | 15 | 25 | 78 | 452 | 570 |
| Ciliméadair Iomláin | 48 | 56 | 151 | 1331 | 1585 |

## Seo a leanas an tAirgeadas a bhí ar fáil don Chomhairle in 2004:

1. Bóithre Náisiúnta (Deontais ón Údarás Náisiúnta Bóithre):

| | |
|---|---|
| Mórphleanáil agus Dearadh: | € 470,000 |
| Feabhsacháin Eile: | €3,860,000 |
| Fordheontas 21/05/'04 (N4): | € 400,000 |
| Feabhasacháin Droichid:: | € 210,000 |
| Oibreacha Cothabhála: | € 780,400 |
| Ceansú Tráchta: | € 429,000 |
| Feabhsacháin ar Chostas Íseal: | € 223,000 |
| Iomlán: | €6,372,400 |

2. Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (Deontais na Ranna Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil):

| | |
|---|---|
| Oibreacha Feabhsúcháin Sonracha: | €1,500,000 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe : | €3,509,000 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Cothabhála: | € 905,000 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Lánroghnacha : | € 362,000 |
| Oibreacha Cothabhála Lánroghnacha: | € 428,000 |
| LS, LT agus NS Soilse(Clár): | € 154,284 |
| Oibreacha Feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal: | € 142,905 |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla: | € 290,844 |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (Clár): | € 34,000 |
| Clár Oiliúna: | € 20,000 |
| Iomlán: | €7,346,033 |

3. Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad (ranníocaíocht Comhairle): € 769,000



BUISÉAD IOMLÁN: €14,487,433

Tá dul chun cinn déanta ar Dhearadh na dTionscadal Infreastruchtúrtha Bóthair Náisiúnta i gcomhair le hOifig Dheartha an tÚdarás Bóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

- Seachród Longfoirt N5 go céim Dheireanach Roghnúcháin Bealaigh
- Seachród Meathas Troim go céim Roghnúcháin Bealaigh a Shocrú
- Bóthair Inmheánach Faoisimh an N4 Meathas Troim go céim Éadála Talún
- Go Meathas Troim N4 Feabhsúchán go céim gar don chéim Thusdheartha
- Go Rúscaigh N4 Feabhsúchan go céim Roghnúcháin Bealaigh Dhéireannach, agus CPO agus céim foilsithe EIS don chuid is faide ó thuaidh
- Staidéar Feabhasúcháin na mBóithre Náisiúnta Tánaisteacha ag dul ar aghaidh go dtí an chéim forfheidhmiúcháin

Cuireadh i bhfeidhm na hOibreacha Feabhasúcháin agus Cothabhála eile ar fad tríd an dá Oifig Innealltóireachta an Cheantair agus Oifig Dheartha na Comhairle.



# Seirbhisí Uisce agus Beartais Chomhshaoil



Ruairi Mac Toimilín
Stiúrthóir Seirbhísí

Comhairleoir Maírtín Ó Fearghéill
Cathaoirleach Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Seirbhísí Uisce agus Polasaithe Timpeallachta

## Seirbhísí Uisce

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Longfoirt soláthar uisce cuí, sabháilte, so-ólta le haghaidh úsáid baile, talmhaíochta agus úsáidí eile a chur ar fáil. Déanann an Chomhairle gach iarracht chun córas a chur ar fáil atá sábhailte agus cuí le haghaidh bailliú, cóireáil agus diúscairt eisilteach camrais. Déantar é seo trí fheidhmiú na scéimeanna atá ann cheana féin agus pleanáil agus soláthar scéimeanna nua chun an tseirbhís a chur ar fáil d'áiteanna nach bhfónntar go fóill orthu.

### Scéimeanna Móra Caipitiúla

### Cuspóirí

Tá an Clár Infheistíochta um Sheirbhisí Uisce bainteach le forbairt Infreastruchtúir chun na haidhmeanna seo a éascú:

1. Cumas cóireála agus seachadta na córais uisce sna príomhbhailte agus sráidbhailte a leathnú
2. Feabhas a chur ar sheirbhísí chun chóireáil níos fearr a dhéanamh ar fhuíolluisce agus chun leibhéal na gcothaitheach a dhíluchtaítear isteach sna huiscí dromchla a laghdú.
3. Infreastruchtúr a sholáthar laistigh de lonnaíochtaí uirbeacha chun forbairt bhailte agus sráidbhailte a éascú ar bhonn inbhuanaithe de réir Phlean Forbartha an Chontae agus Pleananna Ceantair Áitiúila éagsúla.
4. Cosaint acmhainní sásúil a sholáthar  chomh maith le cur i bhfeidhm caomhnú uisce ar fud an chontae.

### Measúnú Riachtanais

Tugtar sainmhíniú atá reasúnta cuimsitheach ar Chlár Oibríochtaí an Roinn Seirbhísí Uisce sa Tuairisc ar Mheasúnú Riachtanais a cuireadh le chéile don Chlár Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce, a glacadh leis trí rún na Comhairle an 15 Meán Fómhair 2003.

Is é scóip na Tuairisce ar Mheasúnú Riachtanais ná:

1. Achoimriú a thabhairt ar éachtaí an Chláir Infheistíochta um Sheirbhísí Uisce thar thréimhse na cúig bliana seo chuaigh thart
2. Imlíne a thabhairt ar chonas a fhónnfar ar na riachtanais uisce a aithníodh thar an tréimhse ó 2004 go 2006.
3. Clár oibríochtaí a líostú a shásóidh na riachtanais shonraithe na seirbhísí uisce chomh maith leis na costais mheasta.
4. Imlíne a thabhairt ar na riachtanais straitéiseacha d'infheistíocht seirbhísí uisce thar thréimhse ó 2007 go 2012
5. Chun cur síos a dhéanamh ar chuspóirí na hinfheistíochta i dtearmaí na torthaí atá ag teastáil agus na n-aschur shonraítheach atá ag teastáil.

### Critéir chun Tosaíochtaí na Scéimeanna a Shocrú

Aontaíodh ar na liosta tosaíochtaí thíos:

1. Scéimeanna uisce atá ann cheana féin a fheabhsú mura bhfuil caighdeán an uisce sásúil.
2. Soláthar uisce a mhéadú mura bhfuil méid cuí ann.
3. Feabhas a chur ar chórais choireála eisiltigh agus na córais bhailiúcháin is cúis le truailliú na timpeallachta
4. Soláthar uisce poiblí a chur ar fáil i gceantair nach bhfónntar orthu i láthair na huaire.
5. Saoráidí cóireála eisiltigh a sholáthar do cheantair ina bhfuil siad de dhith orthu.

## Infreastruchtúr Seirbhísí Uisce

Tá cúig scéim réigiúnacha uisce a fhónann ar Chontae Longfoirt agus meastar go bhfaigheann 85% den daonra soláthar uisce trí phíobán atá cóirithe go caighdeáin an AE.

Is iad na scéimeanna sin: Baile Uí Mhatháin, Beal Átha Liag/Baile Nua an Chaisil,Longfort Láir, Loch Gamhna agus Gránard.

Is é Bord Sláinte an Lár-Réigiúin a dhéanann monatóireacht ar chaighdeán an uisce-óil de réir Rialacháin an AE (Caighdeán uisce atá le Caitheamh ag an Duine), 2000. Tugtar tuairisc ar na torthaí gach bliain chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus foilsíonn siad tuairisc.

Tá Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe, Plean Athnuachana agus Measúnú Gréasáin agus Bunachar Sonraí Spásúil GIS /Córas Faisnéise Iomláin ar na Líonraí Uisce agus Camrais sa chontae réitithe ag an gComhairle.






*Figiúr 1 Léarscáil de Ghréasán Réigiúnach Chontae Longfoirt*

Tá naoi gcóras séarachas poiblí sa chontae:  Baile Uí Mhatháin, Caonach, Baile Átha Liag, An Lios Breac, Droim lis, Gránard, Meathas Troim agus Lagach.




*Figiúr 2 Léarscáil de Chórais Séarachais Reatha agus Togartha*

## Éachtaí le cúig bliana anuas

Tá na hoibreacha seo a leanas bainte amach le cúig bliana anuas:

1. Scéim séarachais Bhaile Uí Mhatháin.
2. Scéim séarachais Ghránard.
3. Scéim Caomhnú Uisce Longfoirt Céim 2.
4. Cartadh Fosfair Bhaile Longfoirt.
5. Láir RWSS - Céim 6 Réamhoibreacha.

## Caomhnú Uisce

Chríochnaigh an Chomhairle Meastachán Gréasáin agus Plean Bainistíochta sa bhlian 2000. Cuireadh isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus leithroinneadh maoin faoin gClár Caomhnú Uisce Náisiúnta Reatha (Bealtaine 2003) mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Athshlánú Gréasáin Nua | €3.2 m |
| Bainistíocht Chomhtháite Gréasáin | €1.0 m |

Cuireadh an obair ar athshlánú an príomhphíopa i gcrích sna ceantair seo a leanas; Achadh na Cloiche, Ros Dubh agus Carraig Ghlas i rith 2003/2004. Cuireadh príomhphíopa uisce nua sa tSráid Nua i Longfort agus sa Phríomhshráid i nGránard nuair a bhí aththógáil bhóthair riachtanach ar siúl.

Beidh gá le meastachán mionshonrach a dhéanamh chun suímh le haghaidh oibreacha athshlánaithe a athaint don togdhchaí, chun tosaíocht a bhunú maidir le céimeanna don todhchaí chun bearta bainistíochta sceite a chur i bhfeidhm.

## Clár Infheistíochta seirbhísí Uisce 2004 - 2006

| **Scéimeanna le tosú sa bhliain 2004** | **Costas Measta** |
|---|---|
| Scéim séarachais Mheathas Troim (Laghdú Cothaithigh) | 210,000 |
| Scéim Soláthar Uisce Longfoirt Láir -Taiscumar agus Píblínte | 7,150,000 |
| **Scéimeanna le Tosú sa Bhliain 2005** | |
| Scéim Séarachais Longfoirt Céim 2 | 5,500,000 |
| **Scéimeanna le Tosú sa Bhliain 2006** | |
| Scéimeanna Séarchais Dhroim Lis agus An Leasa Bric | 2,900,000 |
| Bainistíocht Sloda Longfoirt | 1,500,000 |
| **Scéimeanna Ceadaithe chun Pleanáil a Chríochnú** | |
| Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach Bhaile Uí Mhatháin | 7,500,000 |
| Athbhreithniú Straitéiseach Soláthar Uisce Réigiúnach Ghránard | 1,000,000 |
| Athbhreithniú Straitéiseach Soláthar Uisce Réigiúnach i Longfort Láir | 1,000,000 |
| **Tionscnamh Bailte Tuaithe agus Sráidbhailte** | |
| Scéim séarachais Ardachadh/ Béal Átha na Lao /Achadh an Cloiche | 4,000,000 |
| Scéim séarachais Cluain dá Ráth | 1,400,000 |
| Soláthar Uisce Baile Átha Liag | 1,300,000 |
| **Leithroinnt Caomhnú Uisce** | 4,200,000 |
| **Scéimeanna Ceadaithe chun dul isteach sa phróiseas Pleanála** | |
| Scéim séarachais na mBailte agus na sráidbhailte atá grúpáilte Staideár Féidearthachta lena n-áirítear: Mainistir Leathrátha, Mainistir Shruthla, Béal Átha na Muc, Barraigh Cill na Sí, Eanaigh Beaga, Lagach, Maigh Dumha, An Mhaighean, Baile Nua an Chaisil, Stonepark agus Teach Sínigh | 2,000,000 |
| Scéim séarachais Baile Longfoirt -Athbhreithniú Ghréasáin | 8,000,000 |
| **Iomlán Don Chlár** | **53,560,000** |

# Clár Uisce Tuaithe

## Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe Contae Longfoirt

In 2002, Bhunaigh Comhairle Contae Longfoirt fóram do Chomhchomhairliú ag leibhéal an Chontae chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir Uisce Fhorbartha (Tionóladh an chéad chruinniú ar an Luan 11 Feabhra 2002). Tá ionadaithe ó na héarnálacha poiblí agus príobháideacha ar an gcoiste ag teacht le socruithe ag leibhéal náisiúnta. Cuimsíonn an coiste:

**Comhairle Contae Longfoirt**
Pat Dromey, Innealtóir Sinsearach, Slántaíocht agus Comhshaoil.
Brian Ross, Innealtóir Feidhmeannaigh/Oifigeach Idirchaidrimh, Slántaíocht agus Comhshaol.

**Baill Chomhairle Tofa**
Comh. Aidrian Ó Feargh※ill (Cathaoirleach an Choiste), Béal Átha Liag, Co. Longfoirt.
Comh. John Nolan, Caisleán Riabhach, Maigh Dumha, Co. Longfoirt.
Comh. Máire Ní Giolla Bride-Harcán, Cartron, Gránard, Co. Longfoirt.

**Éarnáil Grúpscéim Uisce Longfoirt (NFGWS)**
Brigit Caldwell, Baile Roibín eagraí GWS, Baile Roibín, Gránard, Co. Longfoirt.
Tommy Nevin, Cluainmhór-Cillmhór eagraí GWS, Cillmhór, Co. Longfoirt.

**Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne na hÉireann (ICMSA)**
Victor Ryder, Baile na hInse, Baile Nua an Chaisil.

**Cumann Feirmeoirí na hÉireann (IFA)**
John Farrell, Drumnahara, Béal Átha na Lao Co. Longfoirt.

**Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce (NFGWS)**
Joe Gallagher, 12 Sráid Ánraí, Tulach Mhór, Co.Uíbh Fhailí.

**Cumann na mBan Tuaithe na hÉireann (ICA)**
Gertie Egan, Gleann Mór, Caonach, Co. Longfoirt.



Is é Brian Ross, an tOifigeach Idirchaidrimh/Innealtóir na Grúpscéime, atá freagrach ó lá go lá as bainistíocht oibríocht an uisce tuaithe agus tá sé freagrach as comhordú obair an Choiste agus seirbhísí cuí rúnaíochta a sholáthar.

## Téarmaí Tagartha

Ceapadh an Coiste ar feadh tréimhse 3 bliana agus bíonn sé gafa don chuid is mó le comhairle a thabhairt ar bheartas maidir le soláthar uisce tuaithe laistigh de limistéir na Comhairle agus montóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéimeanna éagsúla chun soláthar uisce nua go teaghlaigh a fheabhsú. Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choiste:

- Comhairle a thabhairt ar fhorbairt Plean Straitéiseach Uisce Tuaithe an Chontae.
- Monatóireacht ar oibríocht an Chláir Uisce Tuaithe Forbartha Cineachta go háitiúil.
- Inchur a sholáthar don Choiste Monatóireachta Náisiúnta.

## Nithe le Nótáil

- Glacadh leis an bPlean Straitéiseach Uisce Tuaithe do Chontae Longfoirt an Mháirt 5 Márta 2002.
- Thionóil an Coiste cruinnithe i Mí Aibreáin, Mí Iúil, agus Mí na Nollag na bliana 2004 in Áras an Chontae.
- Cuireadh na háiteanna seo a leanas san áireamh do thograí nua agus uasghrádaithe do ghrúpsceimeanna uisce in 2004 Lios Mór, Foirgnaidh, Ard-Achadh, Maigh Dumha, Clogher Rhynn, Caisleán na Cora, Fostra, Cluainmhór-Cillmhór, Derawley, Maoil Teanach, Lios Dubh and Barra Mór.

Clúdaíonn an Clár Uisce Tuaithe soláthar/feabhsúchán soláthar uisce go ceantair tuaithe bunaithe ar phrionsabail stuama innealtóireachta agus eacnamaíochta laistigh den Phlean Straitéiseach Tuaithe.

Bhí luach €1,100,000 ar Leithroinnt Olldeontas Contae Longfoirt in 2004 chun Grúpscéimeanna uisce nua a sholáthar nó a uasghrádú in 2004 le €250,000 breise leithroinnte don Chlár Taking-in-Charge. Chuimsigh an Clár Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais (€600,000), Deontais do Thoibreacha Príobháideacha (€42,000) agus Costais Riaracháin (€120,000).

Ba ionann an caiteachas iomlán ar an gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2004 agus isteach is amach ar €2,100,000.



Grúpscéim Uisce Achadh na Cloiche

## Grúpscéim Uisce Achadh na Cloiche

D'oscail an Comhairleoir Sean Lynch, Cathaoirleach, Coiste Limistéar Thuaidh an Ghrúpscéim Uisce Athchóirithe nua, obair a cuireadh i gcrích faoin gClár "Taking-in-Charge" ar an Luan 19 Aibreán 2004.

Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais:

Tá 13 scéim bheag uisce agus séarachais á tógáil faoi láthair, nó ag an gcéim ceadaithe, ar chostas isteach is amach ar €2,000,000.San áireamh sa chlár tá:

- Forthómach Scéim Uisce Réigiúnach Longfoirt Láir ó fhoinsí screamhuisce.
- Leathnú amach ar Scéim séarachais Ghránard ag Cillghránard agus Ceárach.
- Ionad Cóireála Fuíolluisce Mainistir Shruthla, a sholathróidh saoráidí cóireála séarachais don sráidbhaile.
- Leathnú amach ar scéim séarachais Meathas Troim ar Bhóthar Linn na mBreac.
- Méadú ar phríomhphíobaí uisce ar ghrúpscéimeanna uisce nua chun freastal ar riachtanais réigiúnacha.
- Méadú ar an bpríomhphíobán ardú uisce go taiscumar Ráth Chrónáin ar Scéim Réigiúnach Uisce Ghránard.





Scéim Uisce Ros Duibh

## Scéim Uisce Ros Duibh

D'oscail an Comhairleoir Sean Lynch, Cathaoirleach, Coiste Limisteár Longfoirt Thuaidh an scéim nua athchóirithe faoin gClár Scéim Bheag Uisce Poiblí agus Scéim Séarachais, ar an Luan 19 Aibreán 2004.

## Scéimeanna Sólathar Uisce Aonair

Tá 28 deontas tobair san iomlán próiseáilte agus dáfa ag Comhairle Contae Longfoirt in 2004. Próiseáladh íocaíochtaí sa bhreis ar €42,000.

## Ceadúnais Nasctha Uisce /Séarachais

I rith na bliana 2004, Próiseáladh 207 ceadúnas le haghaidh naisc le scéimeanna poiblí séarachais, uisce agus grúpscéimeanna uisce. Ba ionanan teacht isteach san iomlán agus €416,761.89.

## Draenáil Talún

Leanadh ar aghaidh le hobair cothabhála ar na haibhneacha seo a leanas, an Chamlinn, Currygrane agus an Caonach.

# Timpeallacht

Clumhdaíonn an mír seo raon leathan seirbhísí agus feidhmeanna.  Is iad seo leannas na príomh réimsí:

- Smachtú Truailliú agus Bainistíocht Caighdeáin Uisce
- Smachtú Bruscair
- Bainistíocht Dramhaíola
- Scuabadh Sráide
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- Seirbhísí Tréidliachta
- Smachtú Madraí
- Cumann Cosaint Sibhialta
- Ionad Adhlactha

## Smachtú Truailliú agus Bainistíocht Caighdeáin Uisce

Cumhdaíonn an reachtaíocht faoi smachtú truailliú réimsí cosúil le truailliú uisce, truailliú aeir bearrán agus fothram. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí faoi leith maidir le smachtú truailliú lena n-áirítear iniúchadh ar mheandair thruailliú uisce, scardadh go huiscí a cheadúnú agus astaíochtaí suntasach san aeir, monatóireacht ar uisce óil, cóireáil fuíolluisce uirbeach agus aibhneacha.

## Truailliú Uisce agus Rialúcháin Fhosfair 1998

De réir na fáisnéise is déanaí ón E.P.A.tá  18.5 % de líon iomlán na n-aibhneacha i gCo.Longfoirt aicmithe a bheith saor ó thruailliú.  Tá  5.4 % de na haibhneacha aicmithe a bheith beagán truaillithe.  Tá  6.9 % de na haibhneacha aicmithe a bheith measartha truaillithe agus tá 0.0 % aicmithe a bheith truaillithe i ndáiríre.  Níl aicmiú déanta ar  an gcuid eile aibhneacha ós rud é nach ndéantar monatóireacht rialta orthu.

Faoi na Rialúcháin Fhosfair 1998 tá obligeaid ar an gComhairle feabhas suntasach a bhaint amach ar chaighdeáin uisce na n-aibhneacha faoin mbliain 2007.  Bainfear é seo amach trí chlár iniúchadh ar fheirmeacha, ceadúnú tionscal agus uasghrádú leanúnach ar Ionaid Chóireála Séarachais, obair a dhéanann an Roinn Seirbhísí Uisce. Cuireadh tús in 2004 le clár chun sceitheanna eisilteach neamhcheadúnaithe tráchtála agus tionsclaíocha a aithint.



## Córas Bainistíochta Abhantraí Abhann na Sionainne

Anuas ar an méid luaite thuas tá contaetha teorantach ar Abhainn na Sionainne páirteach i gCóras Bainistíochta Limistéir Abhantraí Abhann na Sionainne. De réir threoir na Creatlaí Uisce, ba í aidhm an tionscadail ná greasán monatóireachta a bhunú chun na brúanna a aithint agus chun monatóireacht a dhéanamh ar  an gcaighdeán uisce sa réigiún agus clár bearta a chur le chéile chun dul i ngleic leis na foinsí truaillithe éagsúla. Mheas an tionscadal seo an dobarcheantar iomlán na Sionainne ó bharr abhann i gCo. an Chabháin go béal na habhann i gCo. Chiarraí agus i gCo. an Chláir.

Tá na huiscí ar fad á mheas lena n-áirítear uiscí dromchla, uiscí talún, uiscí inbhir agus uiscí cósta agus gnáthóga bhogacha.  Foilsíodh an Water Characterisation Report go déanach in 2004.

Tógfaidh sé tuairim is ceithre bliana chun an cóíras bainistíochta a bhunú ar chostas measta ocht milliún euro. Tá rath an tionscadail ag brath ar rannpháirtíocht na héarnálacha leasa iascaigh, foraoiseacht, tionscail, talmhaíocht, Údaráis Áitiúl, agus gníomhaireachtaí Stáit.

## Saotharlann Timpeallachta

Tá Saotharlann Timpeallacht na Comhairle Contae suite ar Bhóthar na Páirce, Longfort.  Tugann sé tacaíocht do na Ranna Slántaíochta agus Timpeallachta.  Is iad na príomh réimsí sainspéise ná:

- Monatóireacht agus Smachtú Truailliú Uisce.
- Monatóireacht ar na hIonaid Chóireála Fuíolluisce na Comhairle Contae.
- Monatóireacht ar chaighdeán an uisce óil chun soláthar uisce sábháilte a chinntiú.
- Monatóireacht ar Líonadh Talún.

## Bainistiú Bhruscair

Is iad an dá Mhaor Bruscair go príomha  a chuireann smachtú bhruscair i bhfeidhm le cabhair ón Maor Madraí agus Maor Tráchta na Comhairle Baile. Tá cumhachtaí ag an gComhairle chun bruscair a smachtú faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 agus feidhmíonn sé de réir a Plean Bainistíochta Bruscair. Cuireadh dréacht- phlean ar taispeáint i mí na Samhna 2004 agus táthar ag súil go nglacfar leis in 2005.

D'eisigh Comhairle Contae Longfoirt 168 fíneáil bhruscair  "ar an bpointe ", méadú isteach is amach ar 100% thar 2003, léiríonn sé sin fadhb dhumpála agus díuscairte mídhleathaí sa tsochaí nua-aimseartha.

Chuir Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt tionscnaimh i gcoinne bruscair i bhfeidhm a bhí maoinithe le deontas €15,960 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, i rith 2004.

## Clár Oibre Áitiúil 21 Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil

Is Scéim Deontais é an Ciste seo maoinithe ag An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil agus Comhairle Contae Longfoirt chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail Phobail atá nuálach agus bunaithe ar an timpeallacht. Dáileadh an ciste €13,842 ar na heagrais seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Coiste na mBailte Slachtmhara, Longfort | €5,800 |
| Nasc na mBan, Longfort | €2,000 |
| Grúpa Forbartha Loch Rí | €   890 |
| Comhaontas Timpeallachta, Longfort | €1,920 |
| Fiontraíocht Bhéal Átha na Muc | €1,600 |
| Cumann Phobail Bhéal Átha na Muc | €1,600 |

## Scuabadh Sráide

Bhí clár rialta Scuabadh Sráide i bhfeidhm ag an gComhairle i rith na bliana 2004 sna bailte agus sna sráidbhailte i gCo. Longfort.  Is éard a bhí i gceist ná an bruscair a scuabadh de láimh chomh maith le seirbhísiú boscaí bruscar de réir Phlean Bainistíochta Bruscair Co. Longfoirt ba ionann an caiteachas iomlán agus isteach is amach ar €240,000.



## Bainistíocht Dramhaíola

## Soláthar Saoráidí

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Comhairle Contae Longfoirt sa réimse seo le linn 2004.  Méadaigh an Chomhairle an méid ionad athchúrsála go 25 ar fud Chontae Longfoirt, i gcomhair le grúpaí pobail agus grúpaí na mbailte slachtmhara. Glacann siad seo le gloine ghlas, dhonn chomh maith le gloine ghlé agus cannaí alúmanaim.
Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag díol gléasanna chun múirín a dhéanamh sa bhaile don phobal, díoladh tuairim is 400 gléas in 2004.  Tá an Chomhairle tar éis 8 gCead Bainistíochta Dramhaíola a eisiúint d'aisghabháil agus athúsáid dramhaíl tógála agus treascartha

D'eisigh an Chomhairle 8dceadúnas um Bhainistiú Dramhaíola chun chríche, aisghabháil agus athúsáid dramhaíol tógála agus scriosta.

## Forfheidhmiúchán

D'athain imscrúduithe déanta ag Comhairle Contae Longfoirt suas go deireadh na bliana  2004 roinnt láithreáin ina raibh gníomhaíochtaí dramhaíola neamhcheadaithe ar siúl iontu. Ó Cuireadh tús le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin in 2002, athainíodh tuairim is 72 láithreáin. Seirbheáltar fógraí faoi na hAchtanna um Bhainistiú Dramhaíola 1996 -2003 a éilíonn go stopfar gníomhaíochtaí mídhleathacha ar fad, go ndiúscrófar dramhaíl i gceart chun truailliú timpeallachta a sheachaint agus chun críche athshlánaithe láithreán.  D'éirigh le himeachtaí dlíthiúla i 6 chás le linn an bliana 2004.

Bunaíodh Foireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola agus Comhshaoil feabhsaithe sa bhliain 2004 nuair a d'éirigh leis an gComhairle deontas breise €200,000 a fháil ón Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Feasacht faoin Timpeallacht

I rith na bliana baineadh dea-obair amach sna réimsí seo a leanas:

- 'Glanadh an Earraigh" Náisiúnta
- Scoileanna Glasa
- Ionad athchúrsála
- Muirniú
- Rialúcháin maidir le pacáistiú
- Dó cúlchlóis
- Fóram Timpeallachta Contae Longfoirt

## Glanadh an Earraigh Náisiúnta

Rinne an Chomhairle forbairt bhreise ar an bhfeachtas Glanadh an Earraigh Náisiúnta i rith 2004. Chabhraigh Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt le imeachtaí glantacháin Phobail i 24 limistéar. Bailíodh 1.2 tona bhruscair. Cuireadh Piocairí Bruscair, lámhainní, bibí agus málaí dathchódaithe ar fáil do na himeachtaí glantacháin phobail. Eagraíodh 8 mbailiúchán Fóntais Pobail i rith mí an Mheithimh agus bailíodh 89 tona dramhaíola san iomlán (ó 21 tona in 2003). Tharla na bailiúcháin seo in Gránard, Béal Átha Liag, Baile Uí Mhatháin agus Droim Lis agus ar 4 ócáid i mBaile Longfoirt. Bhí an bailiúchán deireanach le haghaidh cuisneoirí baile amháin agus bailíodh 175 cuisneoir san iomlán.

## Scoileanna Glasa

D'eirigh go maith le Longfort maidir le gníomhaíocht a mhéadú sna scoileanna glasa. Bronnadh Bratach Ghlas ar 2 scoil bhreise, anois tá iomlán 5 scoil le Bratach Ghlas acu i mbliana agus tá 7 scoil anois sa chontae le Bratach Ghlas bronnta orthu. Is iad seo a leanas na scoileanna a bhfuair Bratacha Glasa le linn 2004:-

| | |
|---|---|
| Ainm: | Gairmscoil Baile Uí Mhatháin |
| Dáta bronnta an ghradaim: | 26 Bealtaine, 2004 |
| Ainm: | Cnoc Mhuire, Gránard |
| Dáta bronnta an ghradaim: | 26 Bealtaine, 2004 |

## Múiriniú

Ba bhliain an rathúil í 2004 le haghaidh díol na gléasanna chun muirniú a dhéanamh. Mar chuid de tiomantas Comhairle Contae Longfoirt do athchúrsáil tugadh an rogha don phobal aonad baile chun múiríniú a dhéanamh ar phraghas níos ísle €25. Bhí sé de thoradh ar seo gur díoladh 400 aonad chun múirniú a dhéanamh 2004. Chun díolachán agus úsáid na haonad seo a chur chun cinn fuair gach scoil aonad chun muirniú a dhéanamh le dea-mhéin.

## Rialúcháin maidir le pacáistiú

Rinne Comhairle Contae Longfoirt 520 imscrúdú ar áitribh thráchtála (mhiondíola, mhórdhíola agus thionsclaíocha) chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil chomhlíonadh leis na Rialúcháin maidir le Pacáistiú 2003. Tá áthas ar an gComhairle a nótáil go bhfuil feasacht ard ann san earnáil seo faoin sábháil airgid atá le déanamh as athchúrsáil agus as aisghabháil phacáistiú. Tarlóidh imscrúduithe leantacha le linn 2005 chun a chinntiú go bhfuil áitribh nach bhfuil ag comh líonadh na rialúcháin ag forbairt córais scagtha agus athchúrsála.

## Dó Cúlchlóis

Toisc an imní atá ag dul i méid faoi dhó boinn le linn Féile Shamhna agus dó cúlchlóis, sheol Comhairle Contae Longfoirt fógra raidió chun an dainséir a bhaineann le dó na hábhair seo a ardú. D'eisigh an Chomhairle litir chuig a tionontaí ar fad ag meabhrú dóibh go bhfuil se mídhleathach aon dramhaíl a dhó faoin Acht um Thruailliú Aeir 1997. Scríobhadh litir chuig conraitheoirí tógála comh maith agus insíodh dóibh go raibh sé mídhleathach dramhaíl tógála agus treascartha a dhó faoin Acht um Thruailliú Aeir 1997 agus faoin Acht um Bhainistiú Dramhaíola 1996.

## Fóram Timpeallachta Co. Longfoirt

Eascaigh an Chomhairle dhá chruinniú do bhaill tofa, oifigigh agus do bhaill na bhFóram Pobail agus Deonacha i rith na bliana 2004 chun saincheisteanna ginearálta a phlé. Pléadh na hábhair seo a leanas:

Caighdeán Uisce Óil agus Monatóireacht.
Pleanáil um Bhainistíocht Dramhaíola.
Stádas na Timpeallachta i gCo. Longfoirt.
Meoin agus Iompair na Sochaí.

## Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála

Lean Roinn na Seirbhíse Dóiteáin ar aghaidh ina hiarrachtaí chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn sí. Tá na Stáisiúin Dóiteáin i gCo. Longfoirt lonnaithe i:

- Longfort
- Gránard
- Meathas Troim
- Béal Átha Liag
- Baile Uí Mhatháin

Tá foireann 48 Comhraiceoir tine coinnithe ag obair sna stáisiúin, freagraíonn siad do tharluithe tine agus tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin i gcomhair leis an gCoiste Réigiúnach Timpiste Réigiún Láir den Comhairle Sábháilteachta Náisiúnta gníomhach i gcothú timpistí a sheachaint sa phobal le linn Seachtain Sábháilteachta Tine.

D'fhreastal an seirbhís Dóiteain ar 86% tarluithe/tinte laistigh de 20 nóim agus bíonn siad réidh laistigh de chúig nóim.

Phróiseáil an Roinn Dóiteáin 54 Teastas Sábháilteachta Tine san iomlán agus 40 Tarchur Pleanála agus 71Tarchur Iarratas Ceadúnais Cúirte. Rinneadh suas 40 imscrúdú ar Áiteanna Siamsaíochta, 25 imscrúdú ar áitribh Chónaitheacha i rith 2004.  Eisíodh ceadúnas petriliam amháin i rith 2004.

Cuireadh tús le tógáil Stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Uí Mhatháin i rith 2004 agus bhí sé beagnach críochnaithe faoi dheireadh na bliana. Fuarthas cead ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil chun tairiscintí a lorg do thógáil Stáisiún Dóiteáin nua i nGránard agus chun gaireas d'Aicme B do bhriogáid Dóiteáin Baile Átha Liag a cheannach.

## Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht Bia

Tá sé mar phríomh fhreagracht ar an Roinn Tréidliachta ná seirbhísí Comhairle Contae Longfoirt a sheachadadh mar "Ghníomhaireacht Oifigiúil" ar conradh chuig an Bord Um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (FSAI) san éarnáil Sábháilteacht Bia agus Sláinte Poiblí.  Rinneadh monatóireacht ar áitribh bhia/ feidhmíochtaí sna catagóir seo chun a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht maidir le sábháilteacht bia á comhlíonadh:-

- Seamlais Bhaile.
- Áitribh áitiúla le haghaidh próiseáil feola.

Sa bhliain 2004 próiseáladh 1520 eallach agus 4927 caorach le caitheamh ag an duine i gcúig sheamlas i gCo. Longfoirt.  Déantar imscrúdú ar gach ainmhí roimh mhart an ainmhí agus ina dhaidh sin freisin.  Tá clár samplála agus ainlíse i bhfeidhm chun substaintí dochracha nó baictéir a aithint. D'éirigh le hionad déantóireachta feola, neamhspleách, dhéanann Comhairle Contae Longfoirt monatóireacht air, caighdeán cuí maidir le clárú agus ceadú a bhaint amach in 2004.



Tá an Roinn um Sheirbhísí Tréidliachta de chuid na Comhairle Contae Longfoirt páirteach in imscrúduithe agus faire taighde ar phaitiginí suntasach do shláinte an phobail.

## Smachtú Madraí

Fostaíonn Comhairle Contae Longfoirt Maor Madraí go lán aimseartha. Láimhseáladh 543 madraí strae/nach raibh ag teastáil san iomlán, sa ghabhann i rith na bliana 2004.  Fuarthas baile nua do 56, thóg úinéirí 348 madraí ar ais iad agus maraíodh 431faraor.

## Cumann Cosaint Sibhialtachta

Is cuid d'eagraíocht domhanda é Cumann Cosaint Sibhialta.  Ag leibhéal áitiúil tá Cumann Cosaint Sibhialta freagrach as éarcú agus traenáil saorálaithe agus as ionad oiliúna a chur ar fáil sa phobal.

Is iad seo leanas na príomhghníomhaíochtaí ,imeachtaí,agus forbairtí a bhí ann i rith na bliana 2004:

- Oiliúint sheirbhíse do na baill reatha ar fad.
- Rinneadh Cúrsa garchabhair.
- Bunaíodh Grúpa Réigiúnach Saorálaithe.
- Cuireadh Plean  Forbartha 3 Bliana le chéile agus faofadh é.
- Clachtadh Náisiúnta in Inis - Ghlac foireann de dháreag páirt ann.
- Módúl 3 Cúrsa le haghaidh Teagascóirí san Scoil Chosaint Shibhialta -
  - Bhí 4 bhall páirteach agus d'éirigh leo.
- Taismigh Réigiúnach/Oiliúint ar Chleachtadh Tharrthála sa Mhuileann gCearr.
- Traenáil Réigiúnach Cuardach agus Tarrtháil agus Druil Pumpála sa Sráidbhaile, Co.Laoise.
- An Chéad Champa Oiliúna Réigiúnach i mBeairic Choilm sa Mhuileann gCearr.
- Comhchuardach idirchontae agus aisghabháil ag Loch Shíleann.
- Comórtas Drúil Pumpála Réigiúnach i mBaile na nGallóglach, Co. Dhún na nGall.
- Deontas le haghaidh Trealamh Spéisialta €25,000 éisithe ag an Roinn Cosanta -
  - Ceannaíodh feithicil paisinéara 4 x 4 agus Córas GPS.

- Cúrsa Cumarsáide Raidió Áitiúil - Módúl 1 curtha i gcrích.
- Glacadh páirt i bPlean Práinne Comhairle Chontae Barr - Bhoird.
- 23 ball nua cláraithe.
- D'fhreastal Lucht Cosainte Sibhialta ar 43 imeachtaí áitiúla pobail agus imeachtaí spóirt.

## Talamh Adhlactha

Tá 74 reilig san iomlán i gCo. Longfoirt as an méid sin ní húsáidtear 10 gcinn d'imthreorannaithe. Fuair Comhairle Contae Longfoirt cead chun tús a chur le Scéim Fostaíochta Phobail tríd a fochuideachta Tionscnamh Poist Longfoirt Teo. Atá faoi úinéireacht iomlán na Comhairle, go déanach sa bhliain 2004 fostaíodh 8 rannpháirtithe. Cuireadh tús leis an scéim seo i Mí na Nollag 2004 agus díreóidh sé go príomha ar chothabháil reilige agus scéimeanna simplí feabhasacháin.

Faoi dheireadh na bliana 2004 cuireadh suirbhe i gcrích ar na saoráidí reilige reatha, chun clár éadála talún agus oibreacha caipitil riachtanacha a chur le chéile. Déanfar pleanáil anseo chun a chinntiú go bhfuil soláthar cuí déanta de spásanna adhlactha, thar thréimhse fiche go caoga bliain i gCo. Longfoirt.



# Beartais Tithíochta agus Sóisialta Beartais Pleanála agus Rialiú Tógála



Seamus Ó Cléirigh
Stiúrthóir Seirbhísí

Comhairleoir Alan Ó Misteal
Cathaoirleach Choiste um Pholasaí Straitéiseach, Polasaí Tithíochta agus Sóisialta, Polasaí um Stiúradh Pleanála agus Tógála

## Tithíocht

I Mí Feabhra d'iarr an Roinn Comhshaoil,Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar na hUdaráis Áitiúla, Plean Gnímh maidir le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a chlúdódh tréimhse na cúig bliana 2004 go 2008.Táthar ag súil go mbeidh na pleananna seo ina mbunchlocha ar a mbunófar leithroinnt acmhainní tithíochta . Ghlac an SPC leis an bPlean do Chomhairle Contae Longfoirt i Mí na Bealtaine 2004 agus ghlac an Chomhairle leis sa mhí sin freisin. Bhí an plean ceadaithe ag an Roinn go déanach sa bhliain 2004.

### Roghanna um Thithíocht Sóisialta

Sa bhliain 2004 d'éirigh leis an gComhairle líon níos mó tosaithe nua ná riamh a bhaint amach sa Chlár Tógála Tithíochta agus caitheadh sa bhreis ar €12 milliún. Bhí roinnt forbairtí a bhain le tithe atá réidh le cónaí iontu as chlár, mar aon le tithe aonair a cheannach agus tógáil tithe aonair faoin tuath,agus oibreacha eile faoin Scéim Fheabhsúcháin in ionad Tithíocht Udarás Áitiúil.

Ón gcéad lá de mhí Eanáir 2004, leithroinneadh 136 tionóntachataí. Léiríonn an figiúir seo lámhdeachas stoic thithíochta reatha, áitreabh athchóirithe, tithe na scéime nua, tithe faoin tuath, aistrithe, agus ceannacháin shingil.



Seo a leanas mionsonraí na scéimeanna nua tógtha a leithroinneadh i rith na bliana 2004:

| | |
|---|---|
| **Baile na Lao** | |
| River Crescent | 4 aonad clainne (3 leaba, 2 stór) |
| **Legan** | |
| Foxhall Crescent | 6 OPD (2 leaba, stór amháin) |
| | 14 aonad clainne (3 leaba,2 stór) |
| **Mainistir Leathrátha** | |
| Cúirt na Mainistreach | 5 aonad clainne (3 leaba, 2 stór) |

Sa bhreis ar sin, tógadh 12 tithe faoin tuath in 2004 agus tá na clanna ina dtithe nua.

I rith na bliana cuireadh tús le scéimeanna nua san Lios Breac, Achadh an Cloiche, Baile Uí Mhatháin, Cloch na Góla, Granard, Drum lis, agus Meathas Troim, le roinnt de na scéimeanna le bheith ar fáil mar stóc i dtús na bliana 2005.

### Cothabháil/Athchóiriú

I rith na bliana 2004 d'éirigh le Comhairle Contae Longfoirt, áitribh a bhí dúnta agus tréigthe a oscailt arís i bPáirc Mhic Eoin, Longfoirt agus bhog clanna nua isteach roimh an Nollaig.

Tá sé beartaithe don bhliain 2005 go ndéanfar athchoiriú suntasach ar Ardaí Pháiric Colum agus go ndéanfar athchóiriú suntasach ar an eastáit agus go nosclófaí a mhéid tithe agus is féidir de thithe atá dúnta anois.

Leanadh ar aghaidh le hoibreacha faoin scéim athchuir fuinneog agus doirse le linn na bliana 2004, ba chéim shuntasach í seo chun an stóc tithe a thabhairt suas go caighdéan fíor ard. Táthar ag súil go mbeidh an obair ar an stoc tithe a bhfuil gá leis an gcineál seo athchóirithe curtha i gcrích faoi dheireadh 2005.

Ba í seo an chead uair a chur an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil maoiniú ar fail chun cabhrú le teas lárnach a chuir isteach in áitrimh de chuid an Údaráis Áitiúil. Ba leis an gcabhair airgid seo, a cuireadh teas lárnach isteach in an-chuid de na OPD'nna ar fud an Chontae. Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis an scéim seo i rith na bliana 2005.

### Bainistiú Eastáit

Tá forbairt phobail ar cheann de phríomhghnéithe dea-bhainistiú eastáit. Is é an bealach is éifeachtaí chun forbairt pobail a chothú laistigh d'eastáit tithíochta ná trí rannpháirtíocht na dtionóntaí.

I rith na bliana 2004, chothaigh an t-oifigeach idirchaidrimh tithíochta an coincheap seo go gníomhach, trí a bheith ag obair go dlúth le Cumainn na gConaitheoirí agus trí fhorbairt agus eascú a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt chun cumainn nua a bhunú. Bunaíodh ceithre Chumann Nua Cónaitheoirí i rith na bliana.  Tá bunreacht glachta ag gach ceann de na cumainn seo agus tá na cumainn ag cur pleananna forbartha le chéile dá n-eastáit féin i gcomhar leis an Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta.

Cuireadh tús go luath le próiséas rannpháirtíochta na dtionóntaí i ngach ceann dár bhforbairtí nua. Is éard a bhí i gceist ná cúrsa oiliúna réamhthionóntachta.

Seo a leanas na hábhair a chlúdaítear ag na cúrsaí réamh-thionóntachta:

- Soiléiriú ar fhreagrachtaí na dtionóntaí/na húinéirí maidir le deisiúchain.
- Míniú ar an mhodh ina ndéantar cíos a mheas.
- Sainmhíniú ar cad is iompar frithshóisialta ann comh maith leis na nósanna imeachta atá ann chun déileáil leis.
- Rannpháirtíocht Tionóntaí agus Bainistíocht Eastáit.

Faoi dheireadh na bliana forbraíodh Lámhleabhar Tionóntaí. I dtús na bliana 2005 seolfar an lámhleabhar agus cuirfear ar fáil dogach tionónta é. Tá eolas luachmhar ann maidir le cothabháil, bainistíocht eastáit, rannpháirtíocht tionóntaí, measúnú cíosa, iompar frithshóisialta srl.

Cuireadh tús le hullmhúchán agus forbairt phlean athnuachana do Pháirc MhicEoin, faoin Tionscnamh Bainistíochta tithíochta. Tá an plean seo le Cunnane Stratton agus Reynolds le bheith réidh go luath sa bhliain 2005 agus déanfaidh an Chomhairle a mheas air ansin.  Rinneadh dul chun cinn ar chur le chéile tograí do Bhóthar Tromra, i nGránard agus táthar ag súil le haighneacht a chur faoi bhráid na Comhairle in 2005 agus nuair a aontófar air, is féidir é a chur ar aghaidh chun na Ranna chun é a cheadú agus chun é a mhaoiniú.

## Tithíocht Deonach

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag cothú forbairt bhreise an Éarnála Tithíochta Deonaí agus í ag soláthar tithíocht shóisialta faoin scéim fhordheontais cíosa agus faoin scéim chúnaimh chaipitil. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil scéim ag Fearann Uí hÓgáin ar luach a mheastar a bheith os cionn €11 milliún.  Cuimsíonn an toinscadal seo 73 aonad faoin scéim iasacht chaipitil,16 aonad faoin scéim cúnaimh caipitil agus 20 tithe inachmhainne.  Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha i dtús na bliana 2005, agus go gcuirfear saoráidí pobail agus saoráidí comharsanachta san áireamh.

Sa bhliain 2004 le cúnamh ó Chomhairle Contae Longfoirt d'eirigh le " Muintir Longfoirt atá faoi Míchumas" clárú mar Chomhlacht Tithíochta Deonaí agus bhí siad abálta teacht ar mhaoiniú chun a céad mhaoin ar Pháirc an Choláiste, Longfort a cheannach.  Tá sé togartha dul ag obair go dlúth leis an ngrúpa chun lóistín bhreise atá riachtanach chun a gclár do mhaireachtáil neamhspleách a chur chun cinn.

Anuas ar sin tugadh cúnamh i rith na bliana seo caite do Chomhairle  Contae Longfoirt do Mheabhair Éislinnigh dá thionscadal i mBaile Uí Mhatháin.

## Tithíocht Inacmhainne

Solathraíodh 10 teach inacmhainne i mBéal Átha Liag. Faoi mar  a luadh roimhe seo, tá sé beartaithe 20 teach eile inacmhainne a sholáthar ag Fearann Uí hÓgáin i gcomhar leis an Éarnáil Thithíochta Deonaí.  Bhí an Chomhairle ag lorg léiriú spéise ó iarrathóirí ar Thithíocht Inacmhainne i mBailte agus Sráidbhailte eile sa Chontae.  Táthar ag súil go sásófar riachtanais trí sholáthar  Tithíocht Inacmhainne faoi chomhaonaithe  Cuid V le forbróirí.

## Iarratais ar Iasachtaí 2004

Tugadh cúnamh do cheanaitheoirí tí le raon roghanna iasachta mar atá léirithe thíos:

| Cineál Iasachta | Iarratas Faighte | Ceadaithe | Iasacht a tugadh |
|---|---|---|---|
| Úinéireacht Roinnte | 17 | 6 | 10 |
| Atógáil | 14 | 10 | 11 |
| Bliantacht | 24 | 9 | 13 |
| Ceannachán Tionónta | 14 | 13 | 8 |
| Inacmhainne | 75 | 10 | 10 |
| Carbhan | 6 | 3 | 4 |

## Daoine atá faoi Mhíchumas agus Clár na nDeontas um Dheisiúcháin Riachtanacha

Fuarthas 247 iarratas san iomlán i rith na bliana. Fuair 159 iarrthoirí cúnamh deontais arb ionann agus €701,000 é.

## Fóram do Dhaoine gan Dídean

Tháinig an Fóram um Dhaoine gan Dídean le chéile go rialta i rith an bliana 2004.Bhunaigh Comhairle Contae Longfoirt an Fóram seo.  Chabhraigh siad chun chur chuige comhtháite a chinnitú maidir leis na comhlachtaí éagsúla deonacha agus na comhlachtaí éagsúla reachtúla a sholáthraíonn cúraim.

Déanfar athbhreithniú sa bhliain 2005 ar fhorfheidhmiú Straitéisí an Rialtais um Dhaoine gan Dídean, agus ar Phleananna Gnímh na hÚdaráis Áitiúla um Dhaoine gan Dídean glacfaidh Comhairle Contae Longfoirt agus an Fóram um Dhaoine gan Dídean páirt san athbhreithniú seo.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Rinne Coiste Chomhchomharliúcháin Longfoirt um Chóiríocht an Luchta Siúil Áitiúil coimisiúnú ar mheasúnú riachtanas coiríochta in 2004 agus chuir siad plean cóiríochta le chéile chun íomhá chruinn a fháil le haghaidh pleanáil sa todhchaí.  Bhí comhchomhairle agus plé cuimsitheach i gceist maidir le dréachtú an phlean.  Rinne an Coiste Chomhchomharliúcháin um Chóiríocht an Luchta Siúil a mheas ar an nDréacht-phlean Lóistín i rith sraith leanúnaigh cruinnithe i rith fómhair na bliana 2004.  Tháinig an CCLLS ar chomhaontú faoi dheireadh Mí Dheireadh Fómhair 2004 agus cuireadh an Dréacht-phlean ar taispeáint de réir na gceanglas reachtúla.  Tá an Plean le teacht faoi bhráid na Comhairle go luath in 2005.

# RÉAMHPLEANÁIL

## Tionscadail Pleanála

- **Rialú Forbairt -** Méadófar ar ualach na hoibre maidir le rialú forbairt thar thréimhse an chéad leath den bhliain 2005.
- **Plean Forbartha Contae Longfoirt, 2003-2009 -** tá an t-athbhreithniú dhá uair sa bhliain den Phlean Forbartha Contae le bheith curtha i gcrích faoi Bhealtaine 2005.
- **Pleananna Ceantar Áitiúla agus Ráiteas Beartais Sráidbhailte -** Iniata sa Chlár Pleanála don Toghchaí, tá roinnt pleananna do Limistéir Áitiúla, agus  Ráitis maidir le Beartas do Shráidbhailte don bhliain 2005. Ullmhófar iad seo de réir forálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt200, agus cuirfear comhchomhairliúchán cuimsitheach san áireamh ann.

  Cuireadh na pleananna seo i gcrích in 2004:
  - Plean Ceantair Áitiúil Béil Átha Liag
  - Plean Ceantair Áitiúil na Carraige Glasa
  - Tá tús curtha le is an réamhobair ar Ráitisí Beartas sráidbhailte na Maighne agus Legga
  - Straitési Miondíola
  - Scéim Fheabhsúcháin Lána Breaden
  - Scéim Fheabhasúcháin um Thimpeallacht Lár Bhaile Longfoirt

- **Measúnú ar Thírdhreach** - Tá an obair ag dul ar aghaidh maidir le measúnú ar thírdhreach Chontae Longfoirt a chuir le chéile.  Cuirfidh an obair seo leis an mbeart um an bplean forbartha agus beidh treoir níos mine ann maidir dearadh forbairtí,  lonnú agus saincheiteanna maidir le lonnú.
- **Athnuachan Uirbí agus Athnuachan Shráidbhailte** - Ar na hoibreacha curtha i gcrích faoin Scéim um Athshlánú Uirbeach agus Athshlánú Sráidbhaile sa bhliain 2004, tá cosán, agus feabhasachán timpeallachta, ag Sráid an Aonaigh ,Gránard agus ar an tSráid Nua i Longfort.  Tá obair ar bun faoi láthair ar phleananna do leithroinnt na bliana 2005.
- **Tionscadal Áineasa agus Forbairt Phobail** - Bhí an Rannóg réamhpleanála an-ghníomhach i scéimeanna áineasa agus i dtionscadail fhorbartha ag leibhéal an phobail.  Beidh tacaíocht leanúnach ann do thionscadail agus do thionscnaimh phobail bunaithe sa bhliain 2005.
- **Rialú Tógála** - Déan an tOifigeach um Rialú Tógála monatóireacht leanúnaí ar chomhlíonadh na rialacháin fhoirgníochta cuireann sé comhairle ar an bpobal  agus freagraíonn sé ceisteanna gach lá ón bpobal go ginearálta.



Tomás Mac Domhnaill
Ceannaire Airgeasais

# Airgeadas

## Feidhmeanna

Is iad príomhfheidhmeanna Ranna Airgeadais na Comhairle Contae Longfoirt ná:

- Spriocanna airgeadais phlean chorparáidigh na Comhairle a bhaint amach.
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil rialaithe leodhóthanancha inmheánacha i bhfeidhm chun sóchmhainní na héagraíochta a chosaint agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtaifid a chinntiú cHomh maith.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach ar fud na heagraíochta.

## Freagrachtaí

Tá an Roinn freagrach as:

- Cuntasaíocht Bainistíochta agus Cuntasaíocht Airgeadais comh maith le hullmhúchán na mBuiséad agus ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais Bhliantúla.
- Rialú Buiséid.
- Tuairisciú airgeadais, tacaíocht agus comhairle.
- Tuairisceáin airgeadais inmheánacha,agus tuairisceáin seachtracha.
- Bainistiú ar airgeadais gearrthréimhseach agus fadtréimhseach.
- Infheistíocht agus iasachtaí.
- Párolla.
- Íocaíochtaí na gCreidiúnaithe trí Rannóg an gCuntas Iníochta.
- Forbairt/feabhas ar na gcórais airgeadais.
- Árachas/Bainistiú Riosca.
- Rátaí.
- Iocaíochtaí Deontais Ardoideachais.
- Mótarcháin.



Tá an Roinn Airgeadais ag cur i bhfeidhm na prionsabail a tugadh isteach sa Rialtas Áitiúil Níos Fearr - Clár um an Athrú go seasta. Déantar athbhreithniú ar na córais bainistíochta airgeadais agus na córais tuairiscithe agus déantar iad a thabhairt suas chun dáta agus iad a fheabhsú go seasta. I rith na bliana 2004 cuireadh an saoráid Paypath i bhfeidhm do na fostaithe.

## Iniúchadh Inmheánach

Is feidhm neamhspleách é an tIniúchadh Inmheánach agus tá sé de fhreagracht air athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar fud na réimsí ar fad laistigh de Chomhairle Chontae Longfoirt. Déanann an t-iniúchadh imscrúdú ar bhainistiú riosca agus leordhóthanacht na rialaithe inmheánacha mar aon le húsáid éifeachtach agus eacnamúil acmhainní, tuairiscíonn an t-iniúchadh ar na hÁbhair seo chomh maith. Sonraíonn an Chairt Iniúchta Inmheánaí ról agus freagrachtaí na hIniúchóra Inmheánaigh agus freagrachtaí an Luchta Bainistíochta.

## Cleachtais Iocaíochta

Tá feidhm ag forálacha an tAcht um Íoc Pras cuntas 1997 agus Rialachán na gComhphobail Eorpaigh (Íocaíocht Dheireanach ar Idirbhearta Trádála 2002 ar Chomhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Baile Longfoirt,

Ta córais i bhfeidhm ag an dá hUdarás Áitiúil chun a chinntiú nach dtaobhófar pionóis úis. I mbeagan cásanna,tharla go raibh roinnt íocaíochtaí dhéanacha sa bhliain 2004 mar seo a leanas:

### Comhairle Contae Longfoirtl

| | |
|---|---|
| Líon na n-íocaíochtaí déanacha atá níos mó ná €317 | 20 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha atá níos mó ná €317 | €50,517.44 |
| Luach na n-íocaíochtaí déanacha uile mar chéatadán de na híocaíochtaí uile do sholáthróirí | 0.086% |
| Luach na bpionós úis | €1,796.37 |
| Meánmhoill i gcás íocaíochtaí dhéanacha | 58 days |

### Comhairle Baile Longfoirt

Níor íocadh pionóis úis ar bith le linn na bliana 2004.

Rinneadh gach iarracht chun an tAcht agus na Rialúcháin a chomhlíonadh chomh maith le pionós úis a sheachaint. Tá nósanna imeachta ann a chinntíonn go ndéantar de réir na reachtaíochta agus deimhníonn siad go reasúnta, ach ní go dearfach, nach mbíonn neamhchomhlíonadh ábharthach i gceist.

## Deontas Ard-Oideachas

Roimh 1968 ba iad na Comhairlí agus na Bardais Chontaebhuirgí a tugadh deontais do scoláirí a bhí ag tabhairt faoi chúrsaí ag an dara agus tríú leibhéal. Chuir An tAcht um Údaráis Áitiúla (Deontais Árdoideachais) 1968 deireadh le deontas a chur ar fáil d'oideachas ag an dara leibhéal agus atheagraíodh an córas deontais d'oideachas ag an tríú leibhéal. Tá na deontais ar bhonn céimithe agus féadfadh gné cothabhála a bheith i gceist le táillí muna bhfuil feidhm le díolúine ó tháillí i gceist.Déantar an chuid is mó den chostas a aisghabháil ó Roinn Oideachais agus bíonn an tÚdarás Áitiúil freagrach as suim atá comhionann le luach na ndeontas tugtha ag an gComhairle sa bhliain airgeadais 1967.

**Bliain Acadúil 2004/2005**

| | |
|---|---|
| Líon na ndeontas bronnta | 115 |
| Líon na hathnuachana eisithe | 225 |
| Líon iomlán na scolairí atá ag fáil Deontais Ard-Oideachais | 340 |
| Suim iomlán táillí íoctha | €247,419.39 |
| Suim iomlán cothabhála íoctha | €1,283,276.89 |
| Líon na scolairí atá ag freastal ar Cholaistí Gaeilge | 331 |
| Líon na scolairí atá ag freastal ar Choláistí sa Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann san áireamh) | 9 |

## Cáin Mhótáir



| Aicme Cánach | Uimhir |
|---|---|
| Carranna Priobháideacha | 12,224 |
| Feithiclí Earraí | 2,821 |
| Tarracóirí Talmhaíochta | 1,160 |
| Mótar-rothair | 116 |
| Taracóirí carraeireachta ghinearálta | 5 |
| Feithiclí Díolúine | 148 |
| Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí | 91 |
| Feithiclí Móra na Seirbhíse | 66 |
| Busanna Scoile | 6 |
| Tochaltóirí, Tochaltóirí Claise srl. | 27 |
| Meaisíní Soghluaisteacha agus Trucail Ardaithe | 73 |
| Eileatraim | 11 |
| Trucail Bheag Dhumpála | 2 |
| Trucail Dhumpála Éis-Bhóthair | 13 |
| Caranna Seanré | 43 |
| Busanna pobail/don Óige | 4 |
| Mótar-Carbhán | 24 |
| Feithiclí Oileáin | 0 |
| IOMLÁN | 16,834 |

## Caiteachas Ioncaim






## Foinsí Ioncaim



## Caiteachas Caipitil






## Ioncam Caipitil



# Tithe críochnaithe ag an Údarás Áitiúil agus Éadálacha 1999 - 2004

| | Críochnaithe | | | | | Éadálacha | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **1999** | **2000** | **2001** | **2002** | **2003** | **1999** | **2000** | **2001** | **2002** | **2003** | **Total** |
| **Comhairlí Contae** | | | | | | | | | | | |
| Corcaigh | 179 | 113 | 303 | 209 | 270 | 74 | 114 | 111 | 87 | 60 | 1,520 |
| Dún na nGall | 210 | 176 | 181 | 549 | 181 | 8 | 15 | 28 | 11 | 5 | 1,364 |
| Loch Garman | 132 | 191 | 144 | 278 | 151 | 6 | 16 | 26 | 21 | 9 | 974 |
| Ciarraí | 167 | 81 | 169 | 160 | 253 | 2 | 8 | 4 | 6 | 1 | 851 |
| Baile Átha Cliath Theas | 147 | 86 | 140 | 93 | 61 | 52 | 61 | 55 | 15 | 3 | 713 |
| An Mhí | 139 | 54 | 164 | 138 | 160 | 25 | 7 | 6 | 4 | 5 | 702 |
| Cill Mhantáin | 115 | 70 | 122 | 151 | 130 | 25 | 10 | 45 | 25 | 4 | 697 |
| Cill Dara | 118 | 61 | 179 | 148 | 107 | 7 | 25 | 13 | 7 | 27 | 692 |
| Lú | 103 | 72 | 90 | 156 | 172 | 1 | 21 | 25 | 6 | 2 | 648 |
| Fine Ghall | 51 | 26 | 107 | 132 | 248 | 15 | 11 | 30 | 5 | 0 | 625 |
| An  Chabháin | 67 | 37 | 93 | 210 | 100 | 10 | 4 | 27 | 4 | 2 | 554 |
| Luimneach | 57 | 36 | 58 | 134 | 155 | 21 | 21 | 30 | 14 | 4 | 530 |
| Gaillimh | 81 | 83 | 113 | 103 | 85 | 1 | 6 | 13 | 22 | 14 | 521 |
| **Longfort** | **58** | **36** | **102** | **107** | **64** | **19** | **31** | **44** | **20** | **12** | **493** |
| Uíbh Fhailí | 65 | 59 | 61 | 110 | 127 | 11 | 13 | 12 | 11 | 3 | 472 |
| An Chláir | 104 | 20 | 71 | 49 | 84 | 27 | 8 | 34 | 55 | 19 | 471 |
| Dún Laoghaire – Rath an Dúin | 38 | 11 | 63 | 59 | 180 | 15 | 19 | 35 | 26 | 4 | 450 |
| Sligeach | 25 | 50 | 68 | 66 | 94 | 33 | 20 | 40 | 22 | 15 | 433 |
| Maigh Eo | 102 | 114 | 108 | 25 | 64 | 3 | 3 | 2 | 0 | 1 | 422 |
| Port Láirge | 65 | 48 | 50 | 152 | 74 | 1 | 9 | 22 | 0 | 0 | 421 |
| Tiobraid Árann | 78 | 62 | 56 | 69 | 123 | 12 | 6 | 0 | 5 | 0 | 411 |
| An Iarmhí | 4 | 100 | 39 | 54 | 100 | 20 | 22 | 40 | 10 | 1 | 390 |
| Laois | 48 | 48 | 107 | 54 | 54 | 9 | 20 | 21 | 9 | 3 | 373 |
| Ceatharlach | 39 | 34 | 99 | 12 | 111 | 5 | 5 | 19 | 18 | 6 | 348 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 50 | 13 | 71 | 97 | 65 | 6 | 10 | 17 | 4 | 2 | 335 |
| Ros Comáin | 13 | 18 | 36 | 78 | 105 | 2 | 10 | 18 | 11 | 4 | 295 |
| Muineacháin | 9 | 50 | 104 | 38 | 40 | 3 | 6 | 16 | 9 | 13 | 288 |
| Cill Channaigh | 33 | 38 | 70 | 26 | 40 | 14 | 17 | 13 | 16 | 9 | 276 |
| Liatroim | 30 | 32 | 53 | 52 | 25 | 1 | 2 | 4 | 5 | 0 | 204 |
| | | | | | | | | | | | |
| **Comhairlí Cathracha** | | | | | | | | | | | |
| Baile Átha Cliath | 202 | 143 | 311 | 500 | 531 | 280 | 361 | 505 | 180 | 157 | 3,170 |
| Corcaigh | 154 | 102 | 69 | 148 | 62 | 80 | 106 | 95 | 24 | 53 | 893 |
| Gaillimh | 125 | 56 | 47 | 77 | 320 | 5 | 4 | 5 | 0 | 0 | 639 |
| Port Láirge | 45 | 49 | 21 | 156 | 164 | 8 | 1 | 26 | 3 | 1 | 474 |
| Luimneach | 56 | 35 | 153 | 13 | 16 | 3 | 11 | 19 | 16 | 17 | 339 |
| | | | | | | | | | | | |
| **Iomlán** | 2,909 | 2,204 | 3,622 | 4,403 | 4,516 | 804 | 1,003 | 1,400 | 671 | 456 | 21,988 |

# Leithhdáilte Deontais Iomláin ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad curtha in iúl do na hÚdaráis Áitiúla seachas Scéim Fheabhsúcháin Áitiúil agus nithe ilghnéitheacha eile 2004 - 2005

| | Km | 2004 | don Km | 2005 | don Km | % Athrú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhairí Chontae** | | | | | | |
| Baile Átha Cliath Theas | 708 | 20,667,760 | 29,192 | 14,170,464 | 20,015 | (31%) |
| Dún Laoghaire – Rath an Dúin | 596 | 9,166,000 | 15,379 | 8,901,296 | 14,935 | (3%) |
| Cill Dara | 2,086 | 18,373,793 | 8,808 | 27,606,720 | 13,234 | 50% |
| An Mhí | 2,906 | 23,205,562 | 7,986 | 29,429,220 | 10,128 | 27% |
| Fine Ghall | 954 | 12,796,954 | 13,414 | 9,360,432 | 9,812 | (27%) |
| Cill Mhantáin | 1,964 | 10,700,000 | 5,448 | 12,322,095 | 6,274 | 15% |
| Lú | 1,147 | 6,002,200 | 5,233 | 6,534,192 | 5,697 | 9% |
| Muineacháin | 2,366 | 13,089,000 | 5,532 | 13,296,076 | 5,619 | 2% |
| Ceatharlach | 1,106 | 3,813,660 | 3,448 | 5,933,072 | 5,364 | 56% |
| An Cabhán | 2,858 | 14,352,500 | 5,022 | 14,588,225 | 5,105 | 2% |
| **Longfort** | **1,422** | **6,866,905** | **4,830** | **7,069,578** | **4,973** | **3%** |
| Uíbh Fhailí | 1,838 | 7,738,500 | 4,210 | 8,442,548 | 4,593 | 9% |
| Liatroim | 2,109 | 9,121,000 | 4,325 | 9,613,026 | 4,559 | 5% |
| Luimneach | 3,392 | 16,576,773 | 4,887 | 15,365,246 | 4,530 | (7%) |
| Loch Garman | 3,197 | 12,479,000 | 3,903 | 14,173,051 | 4,433 | 14% |
| Dún na nGall | 5,996 | 25,910,801 | 4,321 | 26,302,155 | 4,387 | 2% |
| An Chláir | 3,905 | 15,943,000 | 4,083 | 16,845,333 | 4,314 | 6% |
| Laois | 1,946 | 7,763,000 | 3,990 | 8,311,234 | 4,272 | 7% |
| Chiarraí | 4,220 | 17,049,998 | 4,040 | 17,608,128 | 4,172 | 3% |
| An Iarmhí | 1,997 | 7,465,000 | 3,738 | 8,220,961 | 4,116 | 10% |
| Sligeach | 2,549 | 9,477,000 | 3,718 | 10,434,662 | 4,093 | 10% |
| Port Láirge | 2,481 | 10,293,000 | 4,148 | 10,146,627 | 4,089 | (1%) |
| Gaillimh | 6,055 | 23,906,229 | 3,948 | 24,163,573 | 3,990 | 1% |
| Tiobraid Árann Theas | 2,700 | 9,627,288 | 3,566 | 10,531,110 | 3,900 | 9% |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 2,454 | 9,181,000 | 3,742 | 9,520,405 | 3,880 | 4% |
| Cill Chainnigh | 2,850 | 10,459,500 | 3,670 | 10,864,021 | 3,812 | 4% |
| Corcaigh | 11,582 | 37,657,193 | 3,251 | 40,710,561 | 3,515 | 8% |
| Maigh Eo | 5,767 | 20,945,500 | 3,632 | 20,150,208 | 3,494 | (4%) |
| Ros Comáin | 4,000 | 12,546,000 | 3,136 | 12,861,484 | 3,215 | 3% |
| | | | | | | |
| **Comhairlí Cathracha** | | | | | | |
| Port Láirge | 146 | 10,637,072 | 72,757 | 9,268,688 | 63,397 | (13%) |
| Luimneach | 162 | 4,269,668 | 26,307 | 4,258,846 | 26,241 | 0% |
| Corcaigh | 363 | 8,016,208 | 22,101 | 6,570,037 | 18,114 | (18%) |
| Baile Átha Cliath | 1,134 | 11,547,837 | 10,180 | 14,442,957 | 12,732 | 25% |
| Gaillimh | 194 | 1,822,000 | 9,397 | 2,083,155 | 10,743 | 14% |
| | | | | | | |
| **Iomlán** | | 439,466,901 | | 460,099,386 | | |

# Leithdháileadh Ciste an Rialtais Áitiúil 2004 - 2005

| | | | Athrú | Daoináireamh | I aghaidh na duine den daonra | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2004 | 2005 | % | 2002 | 2004 | 2005 |
| **Comhairlí Contae** | | | | | | |
| **Longfort** | **11,266,561** | **12,353,407** | **9.6%** | **24,237** | **465** | **510** |
| Liatroim | 11,875,969 | 13,042,453 | 9.8% | 25,799 | 460 | 506 |
| Tiobraid Árann Theas | 18,176,993 | 19,789,995 | 8.9% | 50,891 | 357 | 389 |
| Sligeach | 13,910,355 | 15,133,048 | 8.8% | 39,727 | 350 | 381 |
| Port Láirge | 17,556,648 | 18,899,048 | 7.6% | 49,732 | 353 | 380 |
| Ros Comáin | 17,802,907 | 19,269,608 | 8.2% | 53,774 | 331 | 358 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 15,073,723 | 16,411,968 | 8.9% | 45,878 | 329 | 358 |
| Maigh Eo | 29,752,341 | 32,398,200 | 8.9% | 92,367 | 322 | 351 |
| Ceatharlach | 9,728,045 | 10,678,407 | 9.8% | 32,796 | 297 | 326 |
| Muineacháin | 11,880,507 | 13,259,787 | 11.6% | 41,479 | 286 | 320 |
| An Cabhán | 15,140,507 | 16,804,354 | 11.0% | 53,008 | 286 | 317 |
| Dún na nGall | 32,298,892 | 35,733,005 | 10.6% | 124,512 | 259 | 287 |
| An Iarmhí | 16,598,009 | 18,091,526 | 9.0% | 64,504 | 257 | 280 |
| Laois | 14,627,815 | 15,968,396 | 9.2% | 58,774 | 249 | 272 |
| Uíbh Fhailí | 12,287,077 | 13,520,069 | 10.0% | 49,803 | 247 | 271 |
| Lú | 10,739,283 | 11,492,694 | 7.0% | 46,103 | 233 | 249 |
| Cill Chainnigh | 16,247,569 | 17,857,370 | 9.9% | 71,748 | 226 | 249 |
| Cill Mhantáin | 15,717,095 | 17,499,710 | 11.3% | 71,446 | 220 | 245 |
| Ciarraí | 21,515,805 | 23,495,997 | 9.2% | 96,476 | 223 | 244 |
| Gaillimh | 29,413,192 | 32,589,234 | 10.8% | 137,261 | 214 | 237 |
| Port Láirge | 16,899,923 | 19,099,527 | 13.0% | 98,573 | 171 | 194 |
| An Mhí | 21,849,991 | 23,796,716 | 8.9% | 126,630 | 173 | 188 |
| Luimneach | 20,810,886 | 22,470,206 | 8.0% | 121,281 | 172 | 185 |
| Dún Laoghaire – Rath an Dúin | 32,523,127 | 34,804,777 | 7.0% | 191,792 | 170 | 181 |
| An Chláir | 13,119,878 | 14,040,299 | 7.0% | 81,748 | 160 | 172 |
| Corcaigh | 45,568,050 | 49,139,575 | 7.8% | 288,113 | 158 | 171 |
| Cill Dara | 19,507,617 | 21,826,897 | 11.9% | 139,607 | 140 | 156 |
| Fine Ghall | 26,968,845 | 28,860,836 | 7.0% | 196,413 | 137 | 147 |
| Bhaile Átha Cliath Theas | 21,870,507 | 23,404,826 | 7.0% | 238,835 | 92 | 98 |
| | | | | | | |
| **Comhairlí Cathrach** | | | | | | |
| Luimneach | 9,670,037 | 10,348,435 | 7.0% | 54,023 | 179 | 192 |
| Corcaigh | 20,571,177 | 22,014,342 | 7.0% | 123,062 | 167 | 179 |
| Baile Átha Cliath | 81,537,355 | 87,257,583 | 7.0% | 495,781 | 164 | 176 |
| Port Láirge | 7,017,618 | 7,509,937 | 7.0% | 44,594 | 157 | 168 |
| Galway | 7,765,314 | 8,310,087 | 7.0% | 65,832 | 118 | 126 |

# Ráiteas Cuntais ar Ioncam & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004

Tugann an Ráiteas Cuntais ar Ioncam agus Caiteachais ioncam agus caiteachais a bhaineann le cánach le chéile. Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

| Caiteachas an Chlárghrúpa | Nótaí | Ollchaiteachas € 2004 | Ioncam € 2004 | Glan - chaiteachas € 2004 | Glan - chaiteachas € 2003 |
|---|---|---|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | | 3,349,964 | 3,429,360 | (79,396) | 217,443 |
| Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair | | 12,460,261 | 8,823,993 | 3,636,268 | 3,615,932 |
| Uisce & Séarachais | | 5,134,136 | 2,584,613 | 2,549,523 | 2,387,452 |
| Dreasachtaí Forbartha & Rialúcháin | | 1,757,967 | 1,746,716 | 11,251 | 540,372 |
| Cosaint Chomhshaoil | | 3,475,019 | 544,198 | 2,930,821 | 2,571,182 |
| Áineas & Taitneamhacht | | 1,560,373 | 179,917 | 1,380,456 | 1,096,085 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | | 3,280,152 | 2,826,831 | 453,321 | 468,883 |
| Ilghnéitheach | | 2,000,782 | 849,343 | 1,151,439 | 1,107,856 |
| **Ioncam/Caiteachas Iomlán** | 16-17 | 33,018,654 | 20,984,971 | | |
| **Glanchostas na gclár le bheith maoinithe ó Rátaí & Ciste an Rialtais Áitiúil** | | | | **12,033,683** | 12,005,205 |
| Rátaí | | | | 2,782,237 | 2,418,528 |
| Ciste an Rialtais Áitiúil - Deontas Ilchuspóireach | | | | 11,266,561 | 9,753,827 |
| Muirear an Chontae | | | | 678,400 | 623,700 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | | | | **2,693,515** | 790,850 |
| **Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí** | 15 | | | (1,525,169) | (1,245,880) |
| **Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain** | | | | **1,168,346** | (455,030) |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2004** | | | | 359,123 | 814,153 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2004** | | | | **1,527,469** | 359,123 |

## Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2004

| | Notes | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 1 | | |
| Feidhmiúil | | 107,498,942 | 108,370,268 |
| Infrastruchtúrach | | 864,314,080 | 867,873,949 |
| Pobal | | 107,117 | 107,116 |
| Neamhfheidhmiúil | | 11,601,858 | 9,259,426 |
| | | **983,521,997** | 985,610,759 |
| **Obair atá ar siúl agus Réamhchostais** | 2 | **17,657,616** | 8,262,753 |
| **Féichiúnaithe Fádtréimhseacha** | 3 | **27,878,403** | 27,505,512 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 4 | 62,566 | 99,989 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 5 | 5,625,665 | 5,841,381 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 5,300,000 | 3,000,000 |
| Airgead sa Bhanc | | 0 | 0 |
| Airgead ar Láimh | | 575,737 | 108,972 |
| Cuntas Uirbeach | 7 | 0 | 340,237 |
| | | **11,563,968** | 9,390,579 |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Rótharraingt Bhainc | | 592,302 | 751,743 |
| Féichiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 4,287,519 | 5,437,741 |
| Léasanna Airgeadais | | | 0 |
| | | **4,879,821** | 6,189,484 |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | | **6,684,147** | 3,201,095 |
| **Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)** | | | |
| Iasachtaí le hÍoc | 8 | 37,220,184 | 39,165,353 |
| Léasanna Airgeadais | | 0 | 0 |
| Taiscí Inaisíoctha | 9 | 425,903 | 193,979 |
| Eile | | 0 | 0 |
| | | **37,646,087** | 39,359,332 |
| **Glansócmhainní** | | **998,096,076** | 985,220,787 |
| **Arna n-airgeadú ag** | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 10 | 983,521,997 | 985,610,759 |
| Ioncam d'obair atá ar siúl | 2 | 21,199,203 | 13,602,630 |
| Sainchúlchiste Ioncaim | | 17,750 | 357,986 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta | | 1,527,469 | 359,123 |
| Iarmhéideanna eile | 11 | (8,170,343) | (14,709,711) |
| **Cúlchistí Iomlána** | | **998,096,076** | 985,220,787 |

# Nótaí faoi agus Mar Chuid de na Cuntais

## Sócmhainní Seasta

| | Talamh | Páirceanna | Tithíocht | Foirgnimh | Gléasra & Meaisínre (Saol Fada & Saol Gearr) | Ríomhairí, Troscán & Trealamh | Oidhreacht | Gréasán Bóithre | Gréasán Uisce & Séarachais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | | € | € | € | € | € | € | € | € |
| **Costais** | | | | | | | | | | |
| Costais Charntha @ 1ú Eanáir 2004 | 11,479,763 | | 93,796,979 | 11,364,402 | 1,325,899 | 187,030 | 74,225 | 720,004,000 | 206,378,547 | 1,044,610,845 |
| Rudaí Breise | 1,673,899 | | 7,041,187 | | 610,503 | 27,248 | | | | 9,352,837 |
| Diúscairtí | (5,399,581) | | (2,225,895) | | | | | | | (7,625,476) |
| Athluacháil | | | | | | | | | | |
| Costais Charntha @ 31ú Nollaig 2004 | 7,754,081 | 0 | 98,612,271 | 11,364,402 | 1,936,402 | 214,278 | 74,225 | 720,004,000 | 206,378,547 | 1,046,338,206 |
| **Dímheas** | | | | | | | | | | |
| Dímheas @ 1ú Eanáir 2004 | 0 | | 0 | 0 | 441,791 | 49,697 | 0 | 0 | 58,508,598 | 59,000,086 |
| Soláthar don Bhliain | | | | | 213,399 | 42,855 | | | 3,559,869 | 3,816,123 |
| Diúscairtí | | | | | | | | | | |
| Dímheas Carntha @ 31ú Nollaig 2004 | 0 | 0 | 0 | 0 | 655,190 | 92,552 | 0 | 0 | 62,068,467 | 62,816,209 |
| **Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2004** | 7,754,081 | 0 | 98,612,271 | 11,364,402 | 1,281,212 | 121,726 | 74,225 | 720,004,000 | 144,310,080 | 983,521,997 |
| **Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2003** | 11,479,763 | 0 | 93,796,979 | 11,364,402 | 884,108 | 137,333 | 74,225 | 720,004,000 | 147,869,949 | 985,610,759 |
| **Glanluach Leabhair trí Chatagóir** | | | | | | | | | | |
| Feidhmiúil | 1,195,931 | | 98,612,271 | 6,287,802 | 1,281,212 | 121,726 | | | | 107,498,942 |
| Infrastruchtúrach | | | | | | | | 720,004,000 | 144,310,080 | 864,314,080 |
| Pobal | 32,892 | | | | | | 74,225 | | | 107,117 |
| Neamhfheidhmiúil | 6,525,258 | | | 5,076,600 | | | | | | 11,601,858 |
| **Glanluach Leabhair @ 31ú Nollaig 2004** | 7,754,081 | 0 | 98,612,271 | 11,364,402 | 1,281,212 | 121,726 | 74,225 | 720,004,000 | 144,310,080 | 983,521,997 |



# Beartais um Fhorbairt Eacnamaíocha, um Athnuachan Uirbeach agus Tuaithe, Beartas Chúltúrtha agus Áineasa



Proinsias Ó Sioradáin
Stiúrthóir Seirbhísí

Comhairleoir Barney Steele
Cathaoirleach an Choiste um Pholasaí Straitéiseach,
Forbairt Eacnamaíochta, Athnuachan Cathrach agus Tuaithe,
Polasaithe Cultúrtha agus Siamsaíochta

## Bord Forbartha Contae Longfoirt

Cuireadh Bord Forbartha an Chontae le chéile arís, i ndiaidh na toghchain áitiúla de réir na dtreoirlínte " An Talamh a Shocrú".

Tarraingaítear comhaltas an Bhoird nua ó cheithre héarnáil mar seo a leanas:

## Rialtas Áitiúil (7 mball)

Comh. Alan Ó Misteal, Cathaoirleach an Bhoird, Máire Ní Giolla Bride-Harcán, Maírtín Ó Fearghaill, Barney Steele, Aidrian Ó Fearghaill, Comhairle Contae Longfoirt. Fintan Flood, Comhairle Baile Gránard, Michéal Ó Cillín, Bainisteoir Contae Longfoirt.

## Forbairt Áitiúil (7 mBall):

Monica O'Malley, Tess Murphy, Oliver Cassidy, Acmhainní Pobail Longfoirt Teo., Michéal Mac Cnáimhí, Beatrice Cunningham, Bord Fiontair Contae Longfoirt. Josephine Stroker, Tionscadal Acorn Longfort, Helen O'Brien, Coiste Cúraim Leanaí Longfoirt.

## Gníomhaireachtaí Stáit (10 mBall)

Ceannfort. Martin McGuire (Gárda Síochána), Frances Flynn (Midland East Regional Tourism), Enda Meehan (IDA na hÉireann), Simon Cavanagh (Fíontraíocht Éireann), Larry Bane (Bórd Sláinte an Réigiúin - Láir) Denis Galvin (Roinn Leasa Sóisialaigh), Gerry Johnston (FAS), Des Keegan (Teagasc), Josephine O'Donnell (Coiste Gairimoideachais Chontae Longfoirt), Seamus Murray (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta).



## Comhpháirtithe Sóisialta (5 bhall)

George Shedwell (Comhar Ceardchumann na hÉireann), Carmel Leahy, Breege Murray (Éarnail Phobail agus Dheonach), James Brady (An Éarnáil Fheirmeoireachta ), Karl Rusk (An Éarnáil Ghnó).

*Nóta: Bhí roinnt athraithe ballraíochta ann i rith na bliana. Gregory Yorke (An Éarnáil Fheirmeoireachta),Tháinig Josephine O'Donnell in áit Sean Ryan (Coiste Gairmoideachais Chontae Longfoirt.),Tháinig an Comh. Barney Steele agus Comh. Aidrian Ó Fearghaill, de na Coistí Beartas Straitéiseacha faoin Éarnáil Rialtais Áitiúil in áit Barney Steele agus Comh. Proinsias MacGiollbhraidé.*

*Ó tharla athbhúnú an Bhoird glacadh le hionadaithe breise ar an mBord: Fintan Flood, (Comhairle Baile Gránard) Josephine Stroker, (Acorn CDP Longfort), Seamus Murray (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta).*

## *A. Straitéis um Fhorbairt Sóisialta agus Chultúr Contae Longfoirt:*

Bhí obair Bhoird Forbartha an Chontae i rith na bliana dírithe ar cur i bhfeidhm na ngníomhartha sonraithe sa Plean Straistéiseach agus an Plean Forfheidhmiúcháin i gcomhpháirtíocht leis na saorthóirí seirbhíse.

## Tacaíonn an Bord Forbartha Contae le Pleananna na nGníomhaireachtaí Forbartha Áitiúla

Tá sé ina phríomhról ag an mBord Forbartha Contae (BFC) seachadadh níos comhtháite ar sheirbhísí poiblí agus seirbhísí forbartha áitiúla ag leibhéal áitiúil. Is cuid lárnach é den ról comhtháite é, maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise deich mbliana trí na gníomhaireachtaí ábharthacha lena n-áirítear pleananna forbartha áitiúla. Thóg an Grúpa Oibre um Bearta Uilechuimseachta Sóisialta pleananna na ngníomhaireachtaí forbartha áitiúla san áireamh chun comhordú na bpleanna a éascú ar bhonn níos fearr, ar a moladh siúd thacaigh an BFC leis an bplean

## Grúpam Oibre Um Bearta Uilechuimseachta Sóisialta (GOBUS)

Bhunaigh an Bord Forbartha Chontae GOBUS chun déileáil le comhordú an Phlean Forbartha Náisiúnta um Bhearta Uilechuimsitheachta Sóisialta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an gClar RAPID ag leibhéal áitiúil. IN 2003 leathnaíodh ról an GOBUS chun measúnú a dhéanamh ar dhréacht phleananna gníomhaireachtaí áitiúla agus chun moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird Forbartha Chontae. Tugadh faoin measúnú seo chun comhordú níos fearr a éascú agus chun dúbailt sheirbhísí a laghdú agus chun feabhas a chur ar dhíriú sheirbhísí.

## Feabhsú Struchtúr agus Clár Áitiúla agus Pobail - Tograí le haghaigh Comhthathú Feabhsaithe

### Plean Comhtháite

I mí Feabhra na bliana 2004 d'iarr an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Bainistíocht Forbairt Ceantar Teo, ar ghrúpaí pobail agus ar ghrúpaí forbartha áitiúla, bearta a thabhairt chun cinn le haghaidh ailíniú feabhsaithe struchtúir. Tá an próiseas seo á comhordú ag leibhéal áitiúil ag an mBord Forbartha Contae. Tionóladh cruinnithe i rith na bliana le grúpaí áitiúla forbartha trí GOBUS chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo. In 2004 cuireadh aighneacht roimh an roinn a d'imlínigh moltaí le haghaidh comhthathú feabhsaithe.

### Plean Comhtháite agus Dírithe

Ag eascairt as comhchomhairlúchán leis na gníomhaireachtaí ábharthacha tríd an GOBUS cuireadh plean comhtháite agus dírithe isteach do "Chlár Tacaíochta Piolótaí d'Fhír atá Imeallaithe, chun teacht ar Sheirbhísí agus deiseanna i Co. Longfoirt". Cé nach bhfuil maoiniú faighte ag an gclár go dtí seo tá tús curtha leis faoi Cheanasaí na Ranna Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

### Fóram Pobail agus Deonaigh

Tá 142 eagraíocht ar fud na tíre cleamhnaithe le Fóram Pobail agus Deonaigh Longfoirt. Tá an Grúpa Stiúrtha déanta suas de 30 ionadaí ó chuid de na heagraíochtaí seo. Tionóladh Cruinniu Cinn Bliana ar an 15 Samhain 2004, agus thogh baill an fhóraim oifigigh le haghaidh coiste.

**Seo a leanas Comhaltaí an Choiste Grúpa Stiúrtha :**

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | Harry Farrell |
| **Leas-Chathaoirleach** | John Channon |
| **Rúnaí** | Patricia Rouiller |
| **Cisteoir** | Brenda Quinn |
| **Cisteoir** | Nini Stevenson |



**Seo a leanas Comhaltaí Coiste Grúpa Stiúrtha an Chontae:**

**Cnuasghrúpa 1 - Cumainn Forbartha Eacnamaíochta agus Pobail**

| EAGRAÍOCHT | IONADAÍ |
|---|---|
| Fostaíocht Pobail Mhainistir Leathrátha Teo. | John Reynolds |
| Fiontraíocht Pobail Bhéal Átha na Muc Teo. | Terry Mc Kenna |
| Cumann Pobail Bhéal Átha na Muc | Betty Creegan |
| Cumann Pobail Chluain an Dá Ráth | Peggy Baxter |
| ICA Co.Longfoirt. | Gen Doherty |
| Seirbhís Faisnéise do Shaoránaigh Co. Longfoirt | Connie Gerety |
| Muintir Uí Fhearghail | Harry Farrell |
| Grúpa Gnímh Cheantair Ghránard | Oliver Cassidy |
| Comharchumann Forbartha an Leasa Bric | Parvez Butt |
| Muintir Pháirc Mhic Eoin | Peter Clyne |

**Cnuasghrúpa 2 - Búnaithe ar shaincheisteanna Cultúrtha, Spóirtiúla agus Áineasa**

| EAGRAÍOCHT | IONADAÍ |
|---|---|
| Féiltí bPáistí Asling | Sive McGuinness |
| Nascadh Baile Uí Mhatháin | Breege Murray |
| Cluichí Pobail Co. Longfoirt. | Patsy Kenny |
| Cairde Asma | Alan O'Toole |
| LD Dance Ltd | Phillip Dawson |
| Cumann Alzheimer Longfoirt. | Mary Barden |
| Cumann Gníomhaíochta Logfoirt do Dhaoine atá ar Phinsean | Jeanne Godfrey |
| Líonra Co. Longfoirt do Dhaoine atá faoi Mhíchumas agus Daoine Míchumasacha | Helena Doyle |
| CLG na mBan Longfoirt | John Doherty |
| Maratón Longfoirt | John Enright |
| Club Snámha Longfoirt | Carmel Leahy |
| Ionad na mBan Longfoirt | Trish Roullier |
| Club Ramhaíochta Loch Rí | Nini Stevenson |
| Cumann Meabhairshláinte/ Scitsifréine | Mary Kennedy |
| Seirbhísí Naomh Criostóir | Michael Farrell |
| Transnach | Edith Durojaiye |
| Longfort Domhanda | Brenda Quinn |
| Longfort Domhanda | Freddie Kiggundo |
| Gluaiseacht Lucht Siúil Longfoirt | Julie Mongan |
| Aois Ghníomhach | John Channon |



Nóta: Roghnaíodh roinnt ionadaithe le haghaidh an Grúpa Stiúrtha tar éis an Chruinniithe Cinn Bliana Edith Durojaiye, Brenda Quinn, Freddie Kiggundo, Julie Mongan, John Channon agus Peter Clyne.

Thionól an Fóram Pobail agus Deonaigh sé chruinniú i rith 2004

| DÁTA | MIONSONRAÍ |
|---|---|
| 28/1/04 | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha |
| 25/2/04 | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha |
| 28/4/04 | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha |
| 30/6/04 | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha |
| 15/11/04 | Criunniú leis a bpobal níos leithne agus an Fóram Deonach |
| 14/12/04 | Cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha |

## Tá Ionadaíocht ag an bhFóram Pobail agus Deonaigh ar na heagraíochtaí seo a leanas

| EAGRAÍOCHT | AINMNITHE |
|---|---|
| Bord Forbartha Contae | Breege Murray agus Carmel Leahy |
| Tascfórsa Réigiúnach Drúgaí | Mary Kennedy |
| Coiste Cúram Leanaí Contae | Helena Doyle agus Connie Gerety |
| Acmhainní Pobail Longfoirt Teo. | Nini Stevenson agus John Doherty |

## Fóram na bPríomhoidí Iar-Bhunscoile

Bhunaigh an Bord Forbartha Contae, Fóram na bPríomhoidí Iar-bhunscoile. Tugadh cuireadh d'aoíchainteoirí bheith i láthair ag na cruinnithe i rith na bliana. D'oibrigh an Fóram ar aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna agus gníomhaíochtaí i Straitéis an Bhoird Forbartha Contae agus an Plean Forfheidhmiúcháin.

Ba iad seo a leanas na réimsí ar tugadh aghaidh orthu i rith na bliana:

- Oiliúint agus saincheisteanna maidir le Cosaint Leanaí i scoileanna.
- Nósanna imeachta chun déileail le Tarlúintí Criticiúla.
- Obair na hOifige Réigiúnaí de chuid na Ranna Oideachais agus Eolaíochta.

d'Éascaigh an BFC comhchruinniú le Príomhoidí Iar- Bhunscoile agus ionadaithe ón bhFóram Príomhoidí Iar-Bhunscoile chun saincheisteanna a phlé timpeall ar aistriú daltaí ón Earnáil Bhunscoile go dtí an Earnáil Iar-Bhunscoile.

## Comhairle na nÓg

Tá sé mar chéad aidhm ag an Straitéis Náisiúnta Leanaí go "mbeidh cead cainte ag leanaí i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu agus tabharfar aird chuí ar a gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta." Is é an Bord Forbatha Contae atá freagrach as eagrúchán Comhairle na nÓg. Tionóladh imeacht na bliana seo i gClub Rugbaí Logfoirt an Satharn 20 Samhain agus eagraíodh í i gcomhar le Foroige. Ghlac ocht nduine óg is fiche ón gContae páirt ar an lá. Bhí na daoine óga idir 12-17 bliana d'aois.

I measc na saincheisteanna a bhí a bplé, pléadh iad seo a leanas, an timpeallacht, imirce, idirchultúrthacht, saoráidí na nóg, míúsáid drúgaí agus alcóil. Rinneadh roinnt moltaí ag eascairt as na cainteanna ar an lá, ina measc, an gá atá ann do a thuilleadh clubanna agus grúpaí do dhaoine óga, áit shábháilte chun buaileadh le chéile ann, dianphionóis do mhíúsáid drúgaí,suiteáil CCTV in áiteanna ina mbíonn dumpáil mídhleathach ar siúil ann go minic, saorfón chun tuairisc a thabhairt ar dhumpáil mídleathach agus deiseanna imeasctha a sholáthar sa phobal go ginearálta do dhaoine nach de bhunadh na tíre iad. Léirigh an t-imeacht an cumas ata ag daoine óga a dtuairimí a nochtadh, ar ábhair a théann i bhfeidhm ar a saol go háitiúil agus go náisiúnta.



Toghadh ceathrar duine óg mar ionadaithe do Longfort ag Dáil na nÓg,19 Márta 2005 i mBaile Átha Cliath. Faigheann daoine óga ón tír ar fad atá tofa go daonlathach an deis chun na saincheisteanna a mheastar dóibh a bheith ina dtosaíochtaí don rialtas a phlé agus a chioradh ag Dáil na nÓg.

## Dáil na bPáistí

Tionóladh Céad Dáil na bPáistí, i Longfort, Dé Satharn 16 Deireadh Fómhair, tionóladh é do pháistí idir 8-12 bliana deag d'aois, sa Mall Complex, i Longfort. Ba iad an Bord Forbartha Contae i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Longfoirt, a d'eagraigh an t-imeacht seo. Ghlac 50 páistí ó ghach chuid den tír páirt ann. Tionóladh ceithre Cheardlann a chlúdaigh drámaíocht, filíocht, ealaín agus ceardaíocht. Ba iad an dá théama a bhí idir láimhe ar an lá ná Alcól/Drúgaí agus Oideachas. Roghnaíodh ocht nduine óg mar ionadaithe do Chontae Longfoirt ag imeacht réigiúnach i Sligeach ar an Satharn 13 Samhain 2004.

## Coiste um Staideár Teagmhála Tríú Leibhéil

Bunaíodh Coiste um Staideár Tríú Leibhéil Chontae Longfoirt, de dheasca an riachtanas a d'athain príomhluchta leasa agus pobal Longfoirt, i rith an phróiseas chomhchomhairliúcháin a bhí ann do Straitéis an Bhoird Forbartha Contae. I measc na mball ar an gCoiste Stiúrtha tá Bord Forbartha Contae Longfoirt, Bord Fiontair an Chontae, An Coiste Gairimoideachais, Leas Sóisialta, Acmhainní Pobail Longfoirt Teo, agus Ionad na mBan Longfort. In 2002 chuir acmhainní Pobail Longfoirt Teo, maoiniú ar fáil chun cáipéis a choimisiúnú ó R & H Consulting, chun plécháipéis a chur le chéile maidir leis an bhfeidearthacht a bheidh ann Cúrsaí Staideár Teagmhála Tríú Leibhéil a sholáthar sa Chontae. In 2003 d'éirigh le Bord Forbartha Contae Longfoirt maoiniú a fháil tríd an gclár BMWInnovative Actions Programme faoin gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa 2000-2006. Ceapadh comhordaitheoir maidir le staideár teagmhála chun moltaí a fhorbairt agus chun an tionscadal a chur chun cinn. De dheasca obair an chomhordaitheora, agus tiomantas an luchta leasa, socraiodh cúpla cúrsa le bheith ar siúl go háitiúil agus i Mí Mean Fhomhair 2004 tháinig an "Guide to Third Level Courses in County Longford" ar an saol.

## RAPID

Tá sé mar aidhm ag RAPID infheistíocht a lódáil chun tosaigh faoin bPlean Forbartha Náisiúnta ar bhealach dírithe. Roghnaíodh baile Longfoirt ina iomláine chun a bheith páirteach sa chlár seo. Déanann Foireann Cur i ngníomh Cheantar (AIT) sé sin, gníomhaireachtaí stáit agus ionadaithe ón earnáil pobail, maoirseacht ar an gclár . In 2004, thug an AIT tosaíocht do líon áirithe tionscadal agus dhroimscríbh GLOBUS é sin. Déirigh leis na tionscadal seo a leanas maoiniú a shocrú dóibh féin. Deonaíodh €80,000 do Bhord Sláinte an Réigiúin Láir, chun seirbhísí gníomhaíochta lae a sholáthar do daoine cianaosta faoi mhíchumais intleachtúla. Fuair Comhairle Contae Longfoirt maoiniú le haghaidh feabhsú eastát agus do roinnt toinscadal tírdhreachú.

*Ciste na gCuntas Díomhaoin*
Thacaigh AIT le roinnt iarratais,a cuireadh faoina bhráid le haghaidh maoiniú faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ar na hiaratas ar éirigh leo maoiniú a fháil in 2004 tá aighneachtaí ag Acmhainní Pobal Longfoirt Teo, do €190,000 chun tionscadal forbairt phobail a bhunú agus €130,000 chun seirbhís don óige a bhunú. D'éirigh le Nasc na mBan Longfoirt, €84,000 a fháil le haghaidh tionscadal maidir le foreigean sa teaghlach agus d'eirigh le Muintir Pháirc Mhic Eoin Teo, €135,000 a fháil dá seirbhís Cúraim Leanaí.

## An Clár EQUAL

Tháinig an grúpaí seo a leanas le chéile chun Comhpháirtíocht Forbartha Fiontraíochta na mBan i Longfort a bhunú, lena n-áirítear, Ionad na mBan Longfoirt, Coiste gairmoideachais Contae Longfoirt, Acmhainní Pobail Longfoirt Teo, agus Bord Fiontair Contae Longfoirt. Fuarthas maoiniú faoi EQUAL 1 do thionscadal dar teideal 'Tacaíocht Áitiúil do Bheanfhiontraithe i Longfort'. Ba í an phríomhaidhm a bhí le Comhpháirtíócht Longfoirt ná chun tacaíocht a thabhairt do mhúnlacomhpháirtíochta agus chun an múnla sin a fhorbairt, a chuirfeadh le chéile agus a chuirfeadh i bhfeidhm straitéisí cuimsitheacha, comhtháite, chun dul i ngleic le baic i gcoinne fiontraíocht na mban. Bhunaigh Comhpáirtíocht Longfoirt, Comhpháirtíocht trasnáisiúnta le grúpaí sa Fhrainc agus san Iodáil chun an cleachtas modheolaíochta is fearr agus na cur chuige is fearr a chur i bhfeidhm. Is dhá phríomhthairge iad Modúl Oiliúna Cothrom an tSaoil Oibre, agus Treoir Meántóireachta do bheanfhiontraithe. Baineann siad le hinscne go sonrach agus tugann siad imlíne ar na ceachtanna sárchleachtais atá forbartha faoin gcomhpháirtíocht trasnáisiúnta EQUAL.

In 2004, chuir Comhpháirtíocht Forbartha Longfoirt, iarratas isteach ar mhaoiniú breise ó bhabhta 2 den Chlár EQUAL "Inbhuanaitheacht Fiontraíochta." D'eirigh leis an iarratas seo agus fuarthas maoiniú chun a n-eolas agus a scileanna a fhorbairt maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht na mBan.

## CLÁR

Is clár é CLÁR a thugann aghaidh ar laghdú daonra agus easpa seirbhísí i gceantair tuaithe. Cuirfidh CLÁR luas faoi chaiteachas an Phlean Forbartha Náisiúnta Forbarhta i gceantair tuaithe faoi leith. I gCo.Longfoirt is iad na ceantair atá roghnaithe ag an Roinn Pobail Tuaithe agus Gaeltachta ná, codanna de Longfort Thuaidh agus Codanna de Longfort Thiar Theas. Tá an Bord Forbartha Contae ag cabhrú leis an Roinn i riaradh an Chláir go háitiúil. I rith na bliana 2003 chuir CLÁR airgead breise ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail áirithe i gceantair CLÁR.

## Linn Snámha Longfoirt

Chuir Comhairle Contae Longfoirt cáipéis mionchruinne dearaidh agus iarratas faoi bhráid an Aire Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta chun cead a fháil dul ar aghaidh chuig céim na dtairiscíntí chun Linn Snámha a thógáil.



## Seirbhís Iarsmalainne Contae Longfoirt

Tá an feidhmeannas ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an bhFochoiste Iarsmalainne chun Iarsmalann Contae Longfoirt a bhunú. Díoladh Seanoifig an Phoist i rith na bliana agus tá na fáltas sin curtha ar leath taobh don tionscadal d'Iarsmalann Nua. Tá suíomh curtha ar fáil ag Comhairle Contae Longfoirt agus tá réamhtarraingtí don iarsmalann nua réitithe.

## *B. Forbairt Eacnamaíochta*

Lean Comhairle Contae Longfoirt ar aghaidh ag cur forbairt eacnamaíochta Contae Longfoirt chun cinn trí roinnt tionscnamh éagsúla. Cuireadh suíomh ar fáil do Panelto Teo, i bPáirc Ghnó Teampall Mhichíl, tá monarcha próiseála bia 40,000 troigh cearnach á thógáil acu. Cothaíodh forbairt spásúil chothrom Contae Longfoirt trí thús a chur le forbairt ar pháirceanna gnó i nGránard, Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag agus Longfort. Leithdháileadh os cionn 40 suíomh chun críche tionsclaíochta do dhaoine aonair chun a ngnóthaí a fhorbairt i rith na bliana.

## Tionscadal Abbott

Leanadh ar aghaidh le tógáil saoráid diagnóiseach i rith na bliana. Tá an poitéinsiúl san saoráid seo atá os cionn 110,000 troigh, agus atá lonnaithe ar imeall bhaile Longfoirt, suas le 600 post a sholáthar agus 80% ag leibhéal céime. Tá infheistíocht os cionn €70 milliún sa tionscadal seo ar cheann de na tionscadail tionsclaíocha is suntasaí i Longfort agus tá tábhacht náisiúnta agus réigiúnach ag baint leis.

## Dílárú

Chuir Comhairle Contae Longfoirt suíomh ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí le haghaidh dílárú Cheannáras Seirbhís Priosún na hÉireann. Éadáladh an talamh ón I.D.A. agus tá sé lonnaithe i bPáirc Ghnó Bhóthar Béal Átha na Laoi. Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí críoch leis na riachtanais Pleanála chun foirgneamh nua-aoiseach a thógáil ar an suíomh.

## Tacaíocht á tabhairt d'Fhorbairt Aonad Fiontraíochta Pobail Bhunaithe

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é an Cuideachta um Fhorbairt Fiontraíochta Longfoirt Teo. (LEDCO) agus is baill de Chomhairle Contae Longfoirt, Lucht tráchtála Longfoirt, Comhairle Baile Longfoirt, agus Acmhainní Pobail Longfoirt Teo, (comhpháirtíocht/ Bord Leader) iad na stiúrthóirí.

Tháinig na gníomhaireachtaí seo le chéile chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas aitheanta i straitéis an BFC agus sa Phlean Forfheidhmiúcháin d'Ionad Fointraíochta Pobail i lár bhaile Longfoirt. Cuireadh iarratas ar mhaoiniú faoi bhráid Fiontraíocht Éireann agus d'éirigh leis faoina Chlár Fiontraíochta Pobail, fuarthas deontas caipitiúil €300,000 agus deontas bainistíochta €30,000. Tabharfaidh Bord Fiontair Contae Longfoirt €100,000 don tionscadal agus táthar ag súil go gcuirfidh gach comhpháirtí airgead ar fáil chun costas an ionaid a mhoilliú. Cuireadh tús ar an obair i rith na bliana ar suíomh a thug Comhairle Contae Longfoirt.

Soláthroidh an ionad seo spás gorlainne do fhiontraithe nua, atá páirteach i dtionscadal faisnéis-bhunaithe nó atá páirteach i dtionscal - éadrom, soláthróidh an ionad ráta cíos íseal agus roinnfear speansais riaracháin. D'fhéadfadh go mbeadh cuid den ionad ina ionad oiliúna nó oideachais a chabhródh leis na gníomhaireachtaí éagsúla agus le daoine aonair maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar. Cabhróidh an ionad le comhthathú feabhsaithe a chothú toisc go mbeidh Bord Fiontair Contae Longfoirt, Acmhainní Pobail Longfoirt Teo agus an Coiste Cúraim Leanaí Contae lonnaithe ann.

## Ionadaíocht ar Ghníomhaireachtaí Seachtracha agus ar Choistí

Tá Comhairle Contae Longfoirt agus Bord Fiontair an Contae ag obair le roinnt gníomhaireachtaí, agus coistí seachtracha lena n-áirítear:

- Coiste Cúram Leanaí Chontae Longfoirt
- Achmhainní Pobail Longfoirt Teo
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le Clár Forbartha Pobail Tionscadal Seachtreo Óige leis na Gárdaí
- Ionad na mBan Longfoirt maidir le: Coiste Comhairleach na mBan agus an Clár EQUAL
- An Roinn um Chothú Sláinte maidir le: Comhpháirtíocht do Chlár Sláinte Óige Náisiúnta
- Seirbhís Treorach Aosach
- Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt
- Cuideachta Forbartha Fiontraíochta Longfoirt
- Coiste um Staideár Teagmhála Tríú Leibhéil

# Seirbhísí Corparáideacha

## Saoráil Faisnéise

*Iarrataisí Saorála Faisnéise*

| | |
|---|---|
| Iarratais faighte in 2004 | 10 |
| Iarratais dháfa | 4 |
| Iarratais páirtdáfa | 1 |
| Iarratais dhiúltaithe | 4 |
| Iarratais tarraingte siar /déileáladh leo lasmuigh den FOI | 1 |
| Cásanna beo 31/12/2004 | 0 |

*Achomhairc*

| | |
|---|---|
| Athbhreithnithe inmheánacha faighte | 1 |
| Achomhairc don Choimisinéir Faisnéise | 0 |

*Foinse an nIarrataí*

| | |
|---|---|
| Iriseoirí | 1 |
| Gnó | 3 |
| An Fhoireann | 3 |
| An pobal go ginearálta/eile | 3 |

*Cineál Eolais a Lorgaíodht*

| | |
|---|---|
| Measctha | 1 |
| Neamhphearsanta | 9 |

*Lámhleabhair na hOifige um Shaoráil Faisnéise*

I rith na bliana cuireadh an Lámhleabhar um Alt 15 um Shaoráil Faisnéise do Chomhairle Chontae Longfoirt ar fáil do bhaill foirne agus foilsíodh é ar shuíomh inlíne ar-líne na Chomhairle agus ar shuíomhanna idirlíne na Comhairle.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar chur le chéile Lamhleabhar um Alt 16 um Shaoráil Faisnéise do Chomhairle Chontae Longfoirt, agus ar Lámhleabhar um Alt 15 um Shaoráil Faisnéise do Chomhairle Baile Longfoirt.

## Ceart Vótála

### Coiníollacha um Chlárú

Caithfidh duine 18 mbliana déag d'aois a bheith slánaithe aige ar an lá a thiocfaidh an Clár i bhfeidhm (15 Feabhra). Féadfadh duine a bheith curtha ar fhorlíonadh leis an gClár má shlánaíonn sé/sí 18 mbliana déag d'aois idir 16 Feabhra agus lá vótála Toghcháin /Reifrinn.

Tá sé de chead ag gach cónaitheoir, 18 mbliana déag d'aois agus os a chionn sin a bheith ar an Clár an dToghthóirí nó ar an bhforlíonadh.

Is é seo leanas líon an ndaoine cláraithe chun vótáil ar Chlár na dToghthóirí i mí Feabhra, 2004:-

| Toghcheantar | Líon Toghthóirí |
|---|---|
| Baile Uí Mhatháin | 7,973 |
| Droim Lis | 3,750 |
| Gránard | 6,256 |
| Longfort | 9,612 |
| Iomlán: | 27,591 |

Reáchtaladh na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha ar an 11 Meitheamh, 2004.Ceadaíodh 955 iarratas agus cuireadh iad leis an bhforlíonadh atá le Clár an Dtoghthóirí 2004/2005.

Leasaíónn alt 4 den Acht Toghcháin (Leasú) 2001, a dhéanann leasú ar alt 13 den Acht Toghcháin 1992, maidir leis an gClár Toghthóirí . Forálann sé do leagan de Chlár na dToghthóirí a bhfuil eagarthóireacht déanta air ina bhfuil ainmneacha agus seolta na dtoghthóirí fágtha as ó ba rud é gur iarr siad nach n-úsáidfaí an t-eolas sin do rud ar bith eile seachas chun chríche ar cuireadh ar fáil é.

Sonraíodh tréimhse 3 bliana le haghaidh teacht i bhfeidhm forálacha an ailt seo chun dóthain ama a chur ar fáil do na hÚdaráis Clárúcháin chun teagmháil a dhéanamh le gach duine ar an gClár. Rinne an Chomhairle socrú chun foirmeacha a dháileadh ar ghach teaghlach sa chontae i mí Márta 2003 mar ullmhucháin don leagan de Chlár an dToghthóirí a bhfuil eagarthóireacht déanta air. Breathnaíodh ar na foirmeacha seo ar fad agus foilsíodh Clár Eagraithe na dToghthóirí ar an 1ú Samhain 2004 faoi mar a bhí leagtha síos mar spriocdháta.

## Toghcháin Áitiúla 2004

Reáchtáladh an Toghcháin áitiúla ar an 11 Meitheamh 2004 mar aon le Toghcháin Phairlimint na hEorpa agus Reifreann faoi Shaorántacht. Ó ba rud é gurb iad seo na céad toghcháin tar éis deireadh a chur leis an sainordú dúbailte, cuireadh isteach líon ard páipéar ainmniúcháin 45 san iomlán, chun dul san iomaíocht sa toghchán do Chomhairle Contae Longfoirt, i leith ceithre thoghcheantar.

Bhíothas ag súil go mbeadh vótáil leictreonach agu comhaireamh in úsáid go náisiúnta don chéad uair lá vótála 2004 chuige sin bhí tús curtha leis an obair chun bheith réidh don athrú sin go vótáil leictreonach. Mhol an Coimisiúin Neamhspleách um Votáil Leictreonach ar an 30 Aibreán 2004 nach núsáidfear an córas sin go náisiúnta le haghaidh na toghcháin a reáchtáladh ar an 11 Meitheamh. Bhí gá le tús a chur leis na hullmhúcháin do vótáil de láimh agus le haghaidh comhaireamh na vótaí freisin ó ba rud é gur ghlac an Rialtas leis an moladh seo.

Conacthas sa toghchán seo go raibh ardú suntasach ar líon an vótóirí a chaith vóta sna toghcháin áitiúla i gcomparáid le roimhe seo. Mar seo a leanas a bhí céatadán na vótóirí ar chaith vóta i ngach ceann de na ceithre thoghcheantar:



- Gránard LEA 71.24%
- Baile Uí Mhatháin LEA 71.56%
- Longfort LEA 65.96%
- Droim Lis LEA 72.05%

Reáchtáladh an Chomhairimh ar an 12ú,13ú, mí an Mheithimh 2004 sa Mall Complex agus toghadh 21 comhairleoir go Comhairle Contae Longfoirt. Bhí ráth ar reáchtáil na dtoghchán, toisc an obair chrua, an dúthracht, tiomantas agus eolas na foirne ar fad a ghlach páirt i sainordú nua a thabhairt don Chomhairle don chúig bliana atá romhainn.

## Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Reáchtáladh an gníomahíochtaí seo a leanas i rith na bliana 2004 chun Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair a chinntiú d'fhoireann na Comhairle.

- Tháinig an Coiste um Bhainistiú Sábháilteachta le chéile faoi dhó agus thacaigh siad leis an Ráiteas Sábháilteachta Corporáideach.
- Bunaíodh coistí sábháileachta i ngach Stiúrthóireacht agus tá ionadaithe um shábhailteacht tofa ón bhfoireann.
- Rinneadh imscrúdú sabhailteachta in Áras an Chontae, Cúirt Camlin agus in Oifigí Cúirt Grafton agus i roinnt leabharlanna. Ba iad an fhoireann a rinne na himscrúdúithe seo.
- Bhí Ráitisí Sábhailteachta Breise do na Stiúrthóireachtaí éagsúla sa Chomhairle á gcur trí phróisesas athbhreithnithe.
- Thug an Cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta cuairt ar láithreáin agus rinne sé roinnt imscrúdúithe i rith na bliana.
- Léirigh Comhairle Contae Longfoirt a tiomantas do dheabhraistint a cuid fostuithe ar fad tríd a Scéim Cháilíochta i Scileanna Tógála (CSCS) a chur ar fáil go leanúnach. Dearradh na cúrsaí seo caighdeáin fheasachta faoi shláinte agus sábháilteacht a ardú agus chun rioscaí agus timpistí a laghdú sa láthair oibre.
- Reáchtáladh cúrsa lae i nGarchabhair i mí na Nollag 2004.
- Rinneadh imscrudú ar mhúchtóirí tine, seirbhíseadh iad agus deimhníodh iad chomh maith in Áras an Chontae, Cúirt Camlin, agus i leabharlanna éagsúla in 2004.

## Cruinnithe na Comhairle Contae

Reáchtáladh cruinnithe na Comhairle Contae go míosúil seachas i mí Lúnasa.

Reáchtáladh na toghchain Áitiúla ar an 11ú Meitheamh 2004.

Reáchtáladh an Chéad Chruinniú Bliantúil den Chomhairle ar an 25ú Meitheamh 2004 agus thoghadh an Comhairleoir Máire Ní Giolla Bride-Harcán ina Méara agus toghadh An Comhairleoir Maírtín Ó Fearghéill ina Leasmhéara, go dtí dáta an Chruinnithe Bhliantúil in 2005.

## Toghadh comhaltaí Comhairle Contae Longfoirt chuig na Coistí seo a leanas

**Comhairle Ghinearálta na gComhairlí Contae:**
Na Comhairleoirí A. Mac an Tsaoir, P. MacGiollbhraidé, agus A. Ó Fearghéill.

**Cumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil:**
An Comhairleoir A. Ó Misteal.

**Bord Turasóireahct an Chósta Thoir agus an Réigiúin Láir:**
An Comhairleoir M. Ní Giolla Bride-Harcán.

**Comhchoiste Draenála Loch Uachtair,Gamhna agus Abhann na hÉirne :**
Comhairleoirí P. Ó Murchu agus M. MacTiernain.

**Áineasa Longfoirt Teo:**
Comhairleoirí D. Mac Gleannáin, A. Ó Misteal agus M. MacTiernain.

**An tÚdarás Réigiúnach Lártíre :**
Comhairleoirí M. O Cathaill, P. dé Beltún, L. Banáin, M. MacTiernain agus M. Ní Giolla Bride-Harcán.

**Coiste Feidhmiúcháin an Údaráis Réigiúnaigh Lartíre den AE:**
Méara M. Ní Giolla Bride-Harcán agus an Comhairleoir M. MacTiernain.

**Réigiúin na Teorann, na Lár-Tíre agus an Iarthair:**
Comhairleoir L. Banáin.

**Bord Forbartha Chontae Longfoirt:**
Comhairleoirí Padraig Ó Raghailligh, M. Ó Fearghéill, P. MacGiollbhraidé agus P. dé Beltún.

**Acmhainní Pobail Longfoirt :**
Comhairleoirí S. Ó Fearghéill agus A. Ó Misteal.

**Cuideachta Forbartha Fiontraíochta Longfoirt:**
Comhairleoirí S. McCumaill, M. Uí Nualláin agus A. Ó Misteal.

**Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd. - le bheith i láthair ag an gCruinniú Bliantúil:**
Comhairleoir M. Uí Nualláin.

**An Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe Áitiúil**
Comhairleoirí M. Maoileadaigh, A. Ó Fearghéill agus M. Ní Giolla Bride-Harcán.

**An Coiste Stiúrtha um Chothú na Gaeilge:**
Gach ball den Chomhairle.

**Coiste Comhairle Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil:**
Comhairleoirí Michéal O Cathaill, P. dé Beltún, L. Banáin, M. MacTiernain agus M. Ní Giolla Bride-Harcán, A. Ó Misteal agus G. Ó Bradaigh.

Ceapachán na mBall go Coistí Ceantar Comhairle Contae Longfoirt:-

- Coiste Toghcheantar Chontae Longfoirt.
- Coiste Toghcheantar Bhaile Uí Mhatháin.
- Coiste Toghcheantar Ghránard.

Is iad baill Togh cheantar Contae Longfoirt atá mar chomhaltas Coiste Togh cheantar Contae Longfoirt, is iad baill Toghcheantar Contae, DroimLis/Gránard atá mar Chomhaltas Coiste Toghcheantair Contae Droim Lis/Gránard agus is iad baill Toghcheantar Contae Bhaile Uí Mhatháin atá mar Chomhaltas Coiste Toghcheantar Contae Bhaile Uí Mhatháin.

## Coistí Beartas Straitéiseach (tar éis na dToghchán Áitiúla 2004)

**Beartas Tithíochta, Tógála agus Sóisialta, Beartas Pleanála agus Rialú Tógála:**

An Comhairleoir A. Ó Misteal.
Comhairleoirí M. MacTiernain, M. Ní Giolla Bride-Harcán, M. Maoileadaigh, P. Ó Raghailligh agus P. Ó Murchu.

**Beartas Iomprais, Beartas Forbairt Bóthair agus Cothabhála, agus Beartas Um Shábháilteacht Bhóithre:**
An Comhairleoir A. Ó Misteal. Cathaoirleach
Comhairleoirí L. Banáin, P. dé Beltún, S. McCumaill agus A. Mac an Tsaoir.

**Beartais Sheirbhísí Uisce agus Beartais Chomhshaoil:**
An Comhairleoir A. Ó Misteal Cathaoirleach.
Comhairleoirí G. Ó Bradaigh, M. Uí Nualláin, M. O Cathaill agus Seamus de Buitlier.

**Forbairt Eacnamaíochta, Uirbeach agus Tuaithe, Beartais Chúltúrtha agus Áineasa:**
Comhairleoir B. Steele, Cathaoirleach.
Comhairleoiri S. Ó Fearghaill, P. MacGiollbhraidé, D. Mac Gleannáin agus Michéal Mac Cnáimhí.

**Coiste Gairmoideachais (VEC) Chontae Longfoirt:**
Thoghadh Comhairleoirí S. McCumaill, B. Steele, M. Ní Giolla Bride-Harcán, S. Ó Fearghaill, A. Ó Fearghaill, G. Ó Bradaigh, M. Mac Cnáimhí., P. Ó Murchu agus A. Ó Misteal go Coiste Gairmoideachais Chontae Longfoirt ag cruinniú na Comhairle a reáchtáladh ar an 12ú Deireadh Fómhair 2004.

De réir ailt 5(1) den Acht Coiste Gairmoideachais (Leasú) 2001, ceapadh Mary Toher, Julie Ann Piggott, Canon Frank Kelly agus Peter Clarke go Coiste Gairmoideachais Chontae Longfoirt ag cruinniú de Chomhairle Chontae Longfoirt a reáchtáladh an 15ú mí na Nollag 2004.



Reáchtáladh roinnt cruinnithe speisialta i rith na bliana.

Reáchtádh cruinniú speisialta den Chomhairle chomh maith le Comhdháil ar an Dréacht-phlean Chorparáide do Chomhairle Chontae Longfoirt, san Ostán Atlantic Coast, i gCathair na Mairt an 29ú agus an 30ú Deireadh Fómhair 2004.

Reáchtáladh an Cruinniú míosúil do mhí na Nollag de Chomhairle Chontae Longfoirt i nGranard baile dúchaisan Mhéara Máire Ní Giolla Bride-Harcán ar an 15ú mí na Nollag 2004.

**Searmannas Dámhachtainí do Ghnóthachtálacha agus Fáiltithe Cathartha:**

| | |
|---|---|
| *20ú Feabhra 2004* | Reáchtáladh fáiltiú cathartha in onóir na foire péile Baile Longfoirt as Craobh an F.A.I. a bhuachaint in 2003. |
| *19ú Iúil 2004* | Teacht le Chéile Idirnáisiúnta Muintir Uí Fhearghaíl 2004 |
| *10ú Samhain 2004* | Reáchtáladh Failtiú Cathartha in onóir Cumann Longfoirt i mBaile Átha Cliath ar ócáid a bhunaithe cothrom na bliana seo caoga bliain ó shin |

# Acmhainní Daonna

Tá an fheidhm na n-acmhainní daonna éagsúil ó ghach seirbhís eile a chuireann an Chomhairle Chontae ar fáil ós rud é gur seirbhís tacaíochta í atá fíorthábhachtach do fhorfheidhmiúcháin éifeachtíúil straitéisí na heagraíochta, trí na príomhachmhainní, sé sin a foireann a bhainistiú go héifeachtach. Cabhraíonn an fheidhm um acmhainní daonna leis a bhfoireann chun a bpoiteintsúil a bhaint amach agus cuireann sé le cumas na heagraíochta chun sársheirbhís a sholáthar don Chontae.

## Earcaíocht Foirne

Is príomhghné de ghnath ghníomhaíochtaí é acmhainní foirne a earcú agus a imlonnú. Bíonn Comhairle Contae Longfoirt de shíor ag roghnú agus ag éarcú foirne do réimsí leathan gráid agus rólanna laistigh den éagraíocht de réir na sárchleachtais is fearr maidir le HR. Éarcaítear foireann do na gráid éagsúla lena n-áirítear, gráid chléireachais, gráid riarachán, gráid teicniúla, gráid cheirdeanna, agus gráid na n-oibrithe de láimh, trí chomórtas oscailte agus trí fhógra poiblí sna nuachtáin Náisiúnta / Áitiúla, agus ar láithreán gréasáin na comhairle agus ar láithreán gréasáin um Éarcaíocht Áitiúil Rialtais.

Is é an Coimisiúin Ceapacháin Poiblí a éarcaíonn daoine go poist sinsearacha agus gairmiúla laistigh den éagraíocht ar son Comhairle Contae Longfoirt. Tá sárdheiseanna sa Chomhairle chun ardu céime a bhaint amach agus líontar na poist seo trí iarratas foirmeálta a dhéanamh agus agallamh.

## Oiliúint agus Forbairt Foirne

Leagtar béim shuntasach ar oiliúint foirne agus ar fhorbairt foirne faoi sheach, tugtar faoi sin ar bhonn straitéiseach trí riachtanais oiliúna na heagraíochta a aithint. I mí an Meithimh 2004 bhí athrú ar phearsanra sa Rannóg Oiliúna, nuair a cheapadh Oifigeach Oiliúna nua. Déanann an t-oifigeach Oiliúna, pleanna Oiliúna a fhorbairt atá deartha go cuí agus atá dírithe agus ailínithe leis an bPlean Corparáideach, an Plean Gnímh Custaiméara agus Beartas Acmhainní Daonna. Bíonn sé de thoradh ar infheistíocht in oiliúint go mbíonn feabhsaithe éagraíochta agus feabhsaithe in éifeactúlacht an duine aonair araon le sonrú.

Aontaíodh ar phlean oiliúna i mí Dheireadh Fómhair 2004 agus beidh sé ina cháipéis chomhtheács d'oiliúint sa todhchaí. I rith na bliana cuireadh deiseanna oiliúna ar fáil don fhoireann ag gach leibhéal. Tugadh oiliúint ionduchtach do bhaill foirne nua in-tí . Anuas ar sin, i dtús an bliana 2005 oiliúnadh roinnt baill foirne ina theagascóirí chun cláracha ábharthacha eile a sheachadadh .

Cuireadh tús le hullmhúcháin in 2004 don iarratas "Fheabhas Trí Dhaoine" don Roinn Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Corporáideacha. Cuireadh an t-iarratas isteach agus beidh iniúchadh ann i dtús na bliana 2005. Is é "Feabhas Trí Dhaoine" caighdeán náisiúnta na hÉireann d'fhorbairt acmhainní daonna.

In 2004 cuireadh tús le hullmhúcháin maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Forbartha agus Bhainistíochta Feidhmíochta dÚdaráis Áitiúla laistigh den Roinn Acmhainní Daonna, de réir an tiomantas do Sustaining Progress. Cuireadh socruithe i bhfeidhm chun feasacht a ardú faoin modheolaíocht agus an tiomantas atá ag teastáil trí comhchomhairliúchain agus séisiúin eolais leis an láithreáin Phíolótacha. Tá an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta tar éis feasacht nua a chruthú faoi thábhacht ár n-acmhainní daonna maidir le spriocanna indibhidúla a bhaint amach agus cuspóirí rannóige agus spriocana na heagraíochta a bhaint amach araon.

## Leas Foirne

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna uirthi ag cothú sláinte agus leasa gach ball foirne trí raon leathan scéimeanna cothromaíochta /saol oibre a chur chun cinn agus a chur ar fáil don fhoireann.

Riarann an Roinn scéimeanna foirne cosúil le hiasachtaí agus sosanna gairme. Oibríonn an Fhoireann Ghnímh Chomhionanais leis an Roinn Acmhainní Daonna chun comhlíonadh na mbeartas maidir le comhionannais a chinntiú chomh maith le beartais nua chuí a fhorbairt.

Chuir an Fhoireann Ghnímh Chomhionannais roinnt beartais le chéile agus mhol siad beartais eile lena n-áirítear leabhrán ar Phobal an Lucht Siúil, Beartas Díníte san Ionad Oibre, le beartas foirne agus nósanna imeachta ag dul leo, chomh maith le Clár Cúnaimh d'Fhostaithe agus Beartas Eolais Struis Teagmhais Criticiúil. Aontaíodh ar Phlean Bliantúil Feidhmíochta don bhliain 2005 agus tá an Fhoireann Ghnímh Chomhionannais tosaithe ar naisc a dhéanamh leis an nGrúpa Monatóireachta Sláinte agus Sábháilteachta agus an nGrúpa Comhpháirtíochta chun tras-comhoibriú a éascú in 2005.

Is í an Fhoireann Ghnímh Chomhionannais atá in bhfócas leanúnach do leas agus forbairt fostaithe agus is árdán í chun a chinntiú go rachfar i ngleic leis an gClár Comhionannais ar bhonn córasach laistigh den eagraíocht. Léiríonn Comhairle Contae Longfoirt a tiomantas do Chomhionannas Deise dá foireann ar fad trí tacaíocht a thabhairt don Fhoireann Chomhionannais.

## Caidreamh Tionscail

Is gné lárnach in Acmhainní Daonna é Caidreamh Fostaí /Tionscail. Tá comhaontuithe teaglamacha agus nósanna imeachta comhaontaithe agus meicníochtaí um chaidreamh tionsclaíochta i bhfeidhm ag an gComhairle. Cothaítear Cumarsáid rialta leis na ceardchumainn chuí. Tacaíonn agus comhairlíonn an Roinn le bainistíócht líne i ngach ngné de chaidreamh fostaí agus cleachtais chaidrimh thionscail.

I measc na ngníomaíochta a tharla in 2004, bhí próiseas fíorúcháin Sustaining Progress lena n-áiríodh Plean Gnímh na Comhairle a cuireadh isteach agus cuairt ar láithreán an Ghrúpa Deimhniúcháin Feidhmíochta.

## Táscairí Feidhmíochta

Laethanta oibre a cailleadh in 2004 trí neamhláithreacht de bharr breoiteachta - 2.52%. Bhí caiteachas ar Oiliúint agus Forbairt mar 5.917% de chostais iomlán an phárolla

# Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Ba bhliain ghnóthach eile í 2004 don Choiste Comhpháirtíochta san Ionad Oibre. Bhí athrú ar an gcomhaltacht ó ba rud é gur ainmnigh S.I.P.T.U. dhá bhall nua ina áit Eugene Caherly. Is mian leis an gCoiste aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne Eugene Caherly mar bhall den choiste agus mar Chomhchathaoirleach le trí bliana anuas. Cuirfear Oiliúint ar fáil san athbhliain do gach ball coiste maidir leis an " bPlean Straitéiseach 2003-2005" agus "Doimhniúchan Comhpáirtíochta i Rialtas Áitiúil". Seo a leanas Comhaltacht an Choiste: David Tubridy ( LAPO agus Comhchathaoirleach), Noreen Heslin ( Lucht Bainistíochta agus Comhchathaoirleach ), Pat Dromey (Lucht Bainistíochta), Mary Reynolds ( Lucht Bainistíochta), Bernard Nolan (SIPTU), Mel Sheridan (SIPTU ), Milo Lowry (IMPACT), Michael Hand (IMPACT). D'éirigh Patricia Shaughnessy as a bhieth ina rúnaí agus ina ball coiste ag deireadh na bliana 2004. Ba mhaith leis an gcoiste aitheantas a thabhairt don obair a rinne Patricia. Chuaigh sí isteach sa choiste cúig bliana ó shin agus is creidúint di féin agus don fhoireann a rinne sí ionadaíocht ar a son a tiomantas agus a dílseacht maidir le cothú Comhpháirtíochta san Ionad Oibre.

Bhí an-rath ar an gClár Ar Ais ag Foghlaim arís i mbliana agus ghlac 12 ball foirne páirt sa chúrsa. Bronnadh teastais orthu siúd a chríochnaigh an cúrsa agus mhol na rannpháirtithe an fhoireann agus na teagascóirí go hard na spéire. Tugann an clár seo deis do na baill foirne filleadh ar ais ar oideachas tá sé urraithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Cumann Náisiúnta um Litearthacht i gcomhar leis an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta Comhpháirtíochta um Údarás Áitiúil (LANPAG). D'éirigh thar cionn leis an gclár go dtí seo agus ba mhaith leis an gcoiste a mbuíochas a chur in iúl do gach duine a chinntigh go raibh rath air, ina measc, ta Stiúrthóirí Seirbhísí, Innealltóirí, agus Feitheoirí Seirbhísí Ginearálta.

Cuireadh an seastán eolais ar ríomhaire sa láthair fáiltithe in Áras an Chontae. Is saoráid iontach eolais é don phobail agus don fhoireann araon, táthar abálta teacht ar láithreán greásáin an Údaráis uaidh. Tá míle moladh ag dul don roinn I.T. as an taighde agus forbairt an seastáin eolais ar ríomhaire agus as a gcabhair chun an foinse eolais luachmhar seo a sholáthar don saoráid seo.

Críochnaíodh an chéim dheireanach den chlár scagthástála sláinte sa Chomhairle Baile. Rinneadh scagthástáil ar 30 ball foirne agus mothaítear go bhfuil ardluach don fhoireann ar an seirbhís seo in san Cheantar Comhairle Baile. Mhol na rannpháirtithe an scagthástáil go hard agus ba éacht eile í sa phróiseas comhpháirtíochta.

Ba mhaith leis an gCoiste "Seaimpíní Comhpháirtíochta" aitheantas a thabhairt don Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta Comhpháirtíochta um Údarás Áitiúil (LANPAG) as an gcúnamh agus treoir a thug siad i rith na bliana, chomh maith leis an maoiniú a chur siad ar fáil do na tionscadail éagsúla i rith na bliana.

# Córais Faisnéise

Déanann Comhairle Contae Longfoirt gach iarracht chun an córais faisnéise agus chumarsáide is déanaí a dhúshaothrú chun an leas is fearr a bhaint as acmhainní reatha agus as infheistíocht i dteicneolaíocht ríomhaireachta. Oibrímid go dlú leis an mBord Seirbhísí Ríomhaireachta an Rialtas Áitiúil (LGCSB), a riarann agus a thugann tacaíocht do sholáthar seirbhísí I.T. sna húdaráis Áitiúila agus comhordaíonn sé úsáid na gcórais náisiúnta.

## Ríomh-Vótail

Bhí an Roinn I.T. an ghníomhach le hoiliúint agus ullmhúcháin maidir leis an Vótáil Leictreonach, ach tugadh cúl leis an bplean sin i dtús mí Bealtaine. Bhíomar páirteach as sin amach le bunú agus tacaíocht a thabhairt don Chóras Comhairimh Vótaí, a úsáideach mar chúnamh don Ceann Comhairimh agus don fhoireann nuair a bhí an bunachar sonraí críochnaithe tugadh ar ais don Roinn Comhshaoil é.

## Líonra Limistéir Áitiúíl

De bharr na huasghrádaithe a rinneadh ar Chórais Chrua-earraí agus ar Bhogearraí tá inniúlacht bhreise curtha leis an líonra, laghdófar ar bhagairtí slándála ó mhí-úsáid toisc go bhfuil córais slándála i bhfeidhm.

## Láithreán Gréasáin na Comhairle Contae Longfoirt - www.longfordcoco.ie

Rinneadh athdhearadh in-tí ar láithreán gréasáin na Comhairle i rith na bliana. Tá fiosruithe pleanála ar-líne, a sholáthraíonn rochtain díreach ar-líne d'eolas ar iarratais phleanála ar na gnéithe nua ar an láithreáin. Tá méadú suntasach ar thrácht ar an láithreán ó chuireadh an tseirbhís nua seo ar fáil ar an láthaireáin. Is seirbhís í atá ar fáil ná, fiosruithe ar-líne do Chlár na dToghthóirí.




*www.longfordcoco.ie*

## Córais Gheografacha Faisnéise

Tá méadú ar líon n-úsáideoirí GIS tá 60 úsáideoir anois ag baint leasa as. Is méadú 50% é in 2004. San Roinn Chomhshaoil tá an córas chun eolas a bhailiú leathnaithe amach go réimsí lena n-áirítear, láithreáin thréigthe, láithreáin adhlactha, láithreáin dumpála agus céadúnais drámhaoíla. Tá éascaithe ar roinnt faisnéise idir ranna le GIS agus méadófar air nuair a chuirfear brabhsálaí Corpáireadach ar gach deasc.

## Inlín

Is measc na seirbhísí breise curtha leis an inlín corparáideach, tá córas ar-líne saoire, saoráid seomraí a chur in áirithe agus órdaithe ceannacháin a cheadú.

## Seastán Eolais ar Ríomhaire

Ceannaíodh seastán eolais ar ríomhaire in 2004. Tá an tionscadal seo maoinithe ag Comhpháirtíocht agus tá sé lonnaithe san láthair fáiltithe,in Áras an Chontae. I láthair na huaire tá rochtain ar láithreáin gréasáin na Comhairle Contae www.longfordcoco.ie, chomh maith leis an úrsan www.longford.ie, motortaxonline agus go leor láthaireáin úsáideacha eile.

## Nuachtáin Foirne

Foilsíodh trí éagrán i rith na bliana 2004. Bailítear agus cuirtear le chéile agus fóilsítear in-tí é.

## Córas Bainistíochta Teagmhála

Cuireadh isteach córas bainistíochta teagmhála ríomh-dhíreach sa Roinn I.T. mar áis chabhairdheisce ar-líne.

## Córas Bainistíochta Comhdaithe

Cuireadh i bhfeidhm an Córais Bainistíochta Comhdaithe sa Roinn Pleanála.  Déantar scanóireacht ar dhoiciméid ó dhoiciméid páipéir nó ó dhoiciméid digiteach agus is fédir iad a uaslodáil isteach sa chóras pleánála.  Is féidir teacht ar an doiciméid seo via an brabhsálaí chun féachaint orthu.

## Córas Bainistíochta Idirlíne

Is réiteach cuimsitheach é Webmarshal maidir le húsáid na hidirlíne ag fostuithe a bhainistiú  agus cuireadh an córas seo i bhfeidhm i rith na bliana.

## Oiliúint

D'fhreastal an fhoireann I.T. ar roinnt ceardlanna agus cúrsaí chun iad féin a choinneáil suas chun dáta maidir le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.





*Seastán Eolais ar Ríomhaire, Áras an Chontae*

# Seirbhísí Cultúir Longfoirt

## Leabharlann Chontae Longfoirt
Tá sé leabharlann bhrainse suite i Longfort, Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag, Meathas Troim, Droim Lis agus Gránard.

## Forbairtí Tábhachtacha 2004
Ba bhliain rathúil í 2004 don seirbhís leabharlainne, le méadú 20% ar bhallraíocht na leabharlainne i mBaile Longfoirt agus méadú iomlán 10% ar líon na leabhar a tógadh ar iasacht ar fud an chontae. Osclaíodh Leabharlann Bhrainse Longfoirt ar an Satharn don chéad uair an 4 Meán Fómhair.

## ICT
Sheol an tAire Dermot Ahern láithreáin gréasáin nua www.longfordlibrary.ie a chumhdaíonn Leabharlann/ Ealaíon/ Seirbhísí Cartlainne agus Oidhreachta.

I measc na gnéithe nua ar an láithreáin atá ina bun achar sonraí a cheadaíonn cuardach iomlán ar os cionn 108,000 teideal atá ar fáil i leabharlanna Brainse Longfoirt. Is fédir le baill na leabharlainne, aon teideal a chuardach, a iarraidh, nó a athnuachan.

Chuireamar saoráidí scanóireachta optúla ar fáil ag dhá leabharlann bhrainse, i Longfort agus Gránard i rith na bliana 2004 mar chúnamh dóibh siúd le lagamhairc agus le deacrachtaí foghlama, le cúnamh deontais ón DOEHLG.

Tá sciar mhaith den obair ar ineacsú an Bhailiúcháin Staidéir Áitiúil i Longfoirt déanta agus bheadh sé thar a bheith úsáideach do scolairí, taighdeoirí, agus staraithe áitiúla, tá sé seo ar fáil ar an láithreáin gréasáin anois. Is cuid den chéad chéim i dtreo digitiú ár mBailiúchain Staidéir Áitiúil é bunachar sonraí Logainmneacha Co. Longfoirt atá tógtha le cúnamh airgid ón gCoiste um an tSochaí Faisnéise.

## Uaireanta Oscailte
Tá uaireanta oscailte sínithe ag Leabharlann Bhrainse Longfoirt, mar chuid den chlár leanúnach chun rochtain ar an leabharlann a fheabhsú don phobal, bíonn an leabharlann ar oscailt gach lá ag am lóin agus beidh sí ar oscailt ar an Satharn ón 2ú Meán Fómhair 2004.



## Seirbhisí do Pháistí
Obair bheirte scríbhneoireachta / peannaireachta: Eagraíodh tionscadal píolótach a dhírigh ar scríbhneoireacht chruthaitheach agus ar scileanna litearthachta, i gcomhpháirtíocht le múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí ó bhunscoileanna ar fud an chontae. Ba é Chris Thompson an áisitheoir sna scoileanna agus sna leabharlanna brainse agus bhí ceardlanna ann do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí freisin agus d'fhreastal slua maith orthu. Cuirfear críoch leis an tionscadal le foilsiú lámhleabhar agus cd rom faoi scríbhneoireacht bheirte in 2005.

Ceapadh an scríbhneoir clúiteach do pháistí a bhfuil roinnt gradam buaite aici, Siobhan Parkinson mar an chéad scríbhneoir Cónaitheach go Scoil Náisiúnta Cill Eo, tá súil againn gur tús í seo le comhopháirtíocht bhisiúil le Poetry Ireland, chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag páistí Longfoirt ar ár scríbhneoirí nua-aoiseacha is fearr. Chuir na seanchaíthe agus scríobhneoirí eile, John Sexton agus Pat Speight ceardlann agus leitheoireachtaí ar fáil i rith an bliana. Thug ceithre aisteoir cuairt ar Longfort mar chuid de na "Joyce Centenary Celebrations"agus chuir siad giotaí de shaothair Joyce ar an stáitse, do dhaltaí sinsearacha i roinnt meán scoileanna sa chontae.

I gcomhpháirtíocht le Féile Ealaíne Aisling na bPáistí, eagraíodh tionscadal fíor nuálaíoch idirghlúine le Gaelscoil Longfoirt, Scoil Náisiúnta Achadh an Gearráin agus Ionad Ospidéil Lae Naomh Íosaif agus Grúpa Gníomhach Aosach Gránard líonadh an amharclann le linn an Féile.

## Oideachas Aosach
Leanaimíd ar aghaidh sa Leabharlann mar chuid dár mBeartas chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chothú trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le líon mór eagraíochtaí lena n- áirítear,VEC,OÉ Maigh Nuad, Nasc na mBan Longfoirt, Cumann Staire Longfoirt, CAN, Longfort Domhanda, An Líonra do Dhaoine níos Aosta, chun clár lán le himeachtaí éagsúla a éagrú trid an bhliain ar fad, lena n-áirítear, scileanna teanga, ranganna ealaíne agus idirlíne, Féile Bealtaine, Cláracha maidir le héagsúlacht chultúir, taispeántais ealaíne, léachtaí srl.

## Athruithe foirne sa Leabharlann le linn 2004
I dtús 2004 bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh dhá bhall foirne nua ar fhoireann na leabharlainne i Longfoirt, Eimear McGuinness a tháinig chugainn ón Rannóg Bhóthair de Chomhairle Chontae Longfort agus Olive Heslin. Willie O'Dowd, an Príomhleabharlannaí a bhog ó Cheannáras na Leabharlainne chun an leabharlann bhrainse a bhainistiú agus bhog Theresa O'Kelly ón mBrianse go dtí an Rannóg staire Aitiúil den Cheannáras.

Thosaigh Lisa McDaniel ag obair mar Oifigeach Oidhreachta i mí Lunasa 2004, tá a hoifig lonnaithe i Leabharlann Bhrainse Longfoirt.

D'fhág Therese O'Kelly ar sos gairime ó mhí na Samhna 2004.

## Grúpaí a tháinig eile sa labharlann le linn 2004

Grúpa Scríbhneoirí Longfoirt, Grúpa Leitheoireachta Fásta, Club Ceamradóireachta Longfoirt, Ranganna Aosoideachais.

## Socrúchan oibre curtha ar fáil ag Leabharlann Chontae Longfort

Tugann leabharlann Chontae Longfoirt tacaíocht leanúnach do chlar oibre agus oideachas sa chontae. Ag an dara leibhéal chuireamar thaithí oibre do scolairí idirbhlaina ar fáil do líon bheag scoileanna. Cuirimid socrúchan oibre ar fáil faoi scéimeanna éagsúla Oideachas leanúnach / filleadh ar an obair le heagraíóchtaí lena n-áirítear, The Dawn Learning Centre, Naomh Criostóir, Tacaíocht d'Fhostaíocht Lártíre, Coláiste Oiliúna Ard-Achadh, FÁS, VEC, agus NTDI.

## Ranganna do Dhaoine Fásta

Grúpa Teastas um Staidear ar Stair Áitiúil OE Magh Nuad, Ranganna Buntuisceana Idirlíne agus Ríomhphost (gach Máirt). Ranganna comhrá i bhFraincís, Ranganna Comhrá i nGaeilge, Ranganna Comhrá i Spáinnis, Rang ar thuiscint ar Ealaoín, Scríbhneoireacht Bheirte do Thuismitheoirí agus Páistí.

## Cúrsaí Oiliúna agus Comhdhálacha ar a fhreastal an Fhoireann na Leabharlainne orthu

Rannóg na Leaharlanna Poiblí - Comhdáil Bhliantúil
Grúpa Úsáideoirí Bogearraí Horizon Cruinniú Cinn Bliana
Lá Oiliúna um Litríocht na bPáistí
Oiliúint Ionduchtach na Comhairle Contae Longfoirt (In - Tí)
Oiliúint Sonrasc Agresso (In - Tí)
Oiliúint Chomhairle Náisiúnta don Dall ar Scanóirí Optacha (In - Tí)
Curraclam Nua Bunscoile - Naisc leis an Leabharlann
Oiliúint Oidhreacht Chultúir Chéim II
Seimineár an Fhómhair na Leabharlannaithe Contae agus Cathrach
Oiliúint Foireann na Leabharlainne agus Athbhreithniú Bliantúil (In - Tí)

## Imeachtaí,Taispeántais agus Seoladh Leabhar le linn 2004



**Feabhra:** 'Put More Women in the Picture' -Taispeántas (Áras an Chontae)

**Márta:**
Taispeántas Ealaíne le CAN Longfort
Tionscadal scríbhneoireacht Bheirte - Ceardlann Scéalaíochta
'Telling Tales' - Tráthnóna Scéalaíochta le Pat Speight agus Chris Thompson i gClub Gailf Longfoirt.
' An Saol san Aifric' cur i láthair go scoileanna áitiúla le Funke Oyewole
Seoladh www.longfordlibrary.ie leis an Aire Dermot Ahern

**Aibreán:**
Seoladh 'Afterglow' an dara húrscéal le Kitty Rodgers
Taispeántas Ealaíne Turas le baill an Ionad Foghlama Dawn

**Bealtaine:**
Lá Oscailte Eolais Ollscoile
Imeachtaí Idirghlúinteacha Bealtaine

- 'Blaiseadh de na hEalaíon' sa Halla Measarthachta
- Athbhreithniú ar an mBailiúchan Béal Oideas, Ceardlanna Fotagrafaíochta....Lá i Saol

Imeacht Bloomsday- aisteoirí ar chamchuairt chuig scoileanna dara leibhéal a chur gíotaí as saothar Joyce ar stáitse i gcomhar le Poetry Ireland
Oíche Fheasachta faoi Autism arna eagrú ag daltaí na hidirbhliana ó Chlochar na Toirbirte

**Iúil:**
Taispeántas Ealaíne le baill CAN Longfort ' Dath an tSamhraidh'
'Idir - Aisteoireacht" - Seimineár ar Eagsúlacht Chultúir i Halla na Measarthachta Gníomhaíochtaí Tionscadal Samhraidh na bPáistí:-

- Ionadaithe ón ISPCA agus Tréidlianna ar chuairt faoi aire a thabhairt do phéataí
- Chris Thompson le Bunnyhop agus úrscéal le pictiúir ann
- Scéalaíocht ón bhfoireann, Sarah,agus Funke
- Seisiúin ealaíne agus céardaíochta d'aoisghrupaí éagsúla
- Seó Draíochta Samhraidh Christophe
- Tráth na gCeist

Meán Fómhair : Léamh leabhar agus seisiún sínithe leabhar ó Arnold J. Meaghar a chaith seal ina chónaí i nDroim Lis i Leabharlann Dhroim Lis
Ceardlann le hAmharclann na Mainstreach i scoileanna



*Daltaí ó Bhunscoil Naomh Michíl ag láimhseáil déantáin ó Mhunaem Náisiúnta na hÉireann*

Deireadh Fómhair: Imeachtaí Seachtain Leabhar na bPáistí

- Scéalta Ama- Tionscadal Idirghlúinteach in Amharclann an Backstage
- Cuairt ó Mhuseam Náisiúnta na hÉireann
- Cuairteanna ar scoileanna ón údar John Sexton a scríobhann do pháistí
- 'An Saol san Aifric' cur i láthair le Funke Oyewole
- Scéalaíocht ón iasacht le Funke
- Draíocht Shamhna le Christophe
- Scéalaíocht Shamhna le Chris Thompson
- Seisiúin ealaíne agus céardaíochta le linn na saoirek





*An t údar John Sexton ,Ceardlanni Leabharlann Bhéal Átha Liag*



*Ealaíon agus ceird i Leabharlann Longfoirt*



*Scéalaíocht ón iasacht le Funke Oyewole*

Samhain: Seoladh an tríú cnuasach filíochta le Breda Sullivan 'Sculpture in Black Ice.'

Nollaig: Faoi léigear i Kalongo - taispeántas griangraf le Teirnan Dolan ar son GOAL a sheol Emma Counihan, Nuacht RTE
'Nollaig Shona' taispeántas pictiúir, dealbhóireachta agus criadóireachta ag baill CAN Longfoirt

## Staitisticí Leabharlann Contae Longfoirt don bhliain 2004

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CONTAE LONGFOIRT
**LÍON IOMLÁN NA LEABHAIR AR IASACHT - 2004**

| Brainse den Leabharlann | Duine Fásta | Duine Óg | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Longfort | 48,988 | 23,817 | 72,805 |
| Gránard | 5,442 | 4,241 | 9,683 |
| Béal Átha Liag | 6,297 | 3,895 | 10,192 |
| Baile Uí Mhatháin | 4,642 | 3,077 | 7,719 |
| Droim Lis | 1,407 | 1,585 | 2,992 |
| Meatas Troim | 2,537 | 2,107 | 4,644 |
| **IOMLÁN** | **69,313** | **38,722** | **108,035** |
| **IOMLÁN DO 2003** | | | **103,902** |
| **% Méadú** | | | **4.0%** |

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CONTAE LONGFOIRT
**BALLRAÍOCHT IOMLÁN - 2004**

| Leabharlann **Brainse** | **Duine Fásta** | **Duine Óg** | **Dalta Dara Leibhéil** | **Dalta Tríú Leibhéil** | **Eile** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Longfort | 2139 | 1295 | 292 | 130 | 24 | 3,880 |
| Gránard | 252 | 289 | 56 | 18 | 12 | 627 |
| Béal Átha Liag | 191 | 152 | 38 | 10 | 5 | 396 |
| Baile Uí Mhatháin | 125 | 142 | 31 | 8 | | 306 |
| Droim Lis | 55 | 85 | 19 | 7 | 2 | 168 |
| Meatas Troim | 86 | 87 | 12 | 3 | | 188 |
| **IOMLÁN** | **2848** | **2050** | **448** | **176** | **43** | **5565** |
| **IOMLÁN DO 2003** | | | | | | **5006** |
| **% Méadú** | | | | | | **10.0%** |

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CONTAE LONGFOIRT
